

Oifig an  
Office of the



**Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**  
**Director of Public Prosecutions**

**Tuarascáil Bhliantúil 2017**

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí  
Bóthar na hOtharlainne  
Baile Átha Cliath 7.

Tel: + 353 1 858 8500  
Fax: + 353 1 642 7406  
Web: [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie)

# Contents

|                                                                        |           |
|------------------------------------------------------------------------|-----------|
| Brollach .....                                                         | 4         |
| <b>Sracfhéachaint ar 2017 .....</b>                                    | <b>7</b>  |
| <b>CUID 1: FORBHREATHNÚ AR OBAIR NA hOIFIGE .....</b>                  | <b>8</b>  |
| 1.1 Forbhreathnú ar Obair na hOifige .....                             | 9         |
| 1.2 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil .....                     | 11        |
| 1.3 Struchtúr na hEagraíochta .....                                    | 12        |
| <b>CUID 2: ACHOIMRE AR CHOMHAID A FUARTHAS &amp; AR THORTHAÍ .....</b> | <b>13</b> |
| 2.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas .....                               | 15        |
| 2.2 Torthaí na gCásanna arna n-ionchúiseamh ar Díotáil .....           | 22        |
| 2.3 Iarratais chuig na Cúirteanna .....                                | 34        |
| 2.4 Iarrataí ar Eiseachadadh .....                                     | 39        |
| 2.5 Cúnamh Dlí Frithpháirteach .....                                   | 40        |
| <b>CUID 3: CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ .....</b>                            | <b>41</b> |
| 3.1 Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2017 .....                                  | 42        |
| 3.2 Íospartaigh Coireachta .....                                       | 48        |
| <b>CUID 4: RIARACHÁN OIFIGE .....</b>                                  | <b>51</b> |
| 4.1 Caiteachas na hOifige .....                                        | 52        |
| 4.2 Sliocht as an gCuntas Leithreasa 2016 .....                        | 55        |
| 4.3 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 .....                            | 56        |
| 4.4 Saoráil Faisnéise .....                                            | 57        |
| 4.5 Tuarascáil Bhliantiúil faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh 2017 .....     | 58        |
| 4.6 Scéim na Gaeilge .....                                             | 60        |

## BROLLACH

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil don bhliain 2017 a chur i láthair.

Eachtra shuntasach le linn na bliana 2017 ba ea achtú an Achta um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) lenar trasúidh Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÍospartaigh isteach sa dlí náisiúnta. I gcaibidil 3.2 den tuarascáil seo, leagaimid amach an dóigh ar fhreagair an Oifig dá hoibleagáidí sa réimse sin. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar ár nósanna imeachta chun a chinntiú go gcomhlíonann siad an reachtaíocht, agus leanann an Oifig le feacht ar an reachtaíocht a mhéadú i measc gach duine a dhéileálann, thar ceann na hOifige, le hÍospartaigh agus lena dteaghlach.

Faigheann an Oifig líon mór iarrataí ar na cúiseanna leis an gcinneadh gan duine a ionchúiseamh agus dhéileáil sí le 638 n-iarraidh den sórt sin sa bhliain 2017. Ba le gearáin faoi chionta gnéasacha a bhain beagnach 40% de na hiarrataí sin. Dhéileáil an Oifig le beagnach 200 iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh gan duine a ionchúiseamh. In ocht gcinn de na cásanna sin, aisiompaíodh an cinneadh agus ordaíodh ionchúiseamh ina dhiaidh sin. Mar an gcéanna, ba le cionta gnéasacha a bhain beagáinín os cionn 40% de na cásanna inar lorgaíodh athbhreithniú.

Léirítear sna figiúirí sin go mbíonn méid suntasach oibre i gceist le déileáil le hÍospartaigh. Bíonn éilimh bhreise ann ar acmhainní i gcás go n-ionchúisítear cásanna agus go bpróiseáiltear cúisimh trí na cúirteanna, go háirithe ag céim na trialach. Tugaimid an-aird ar na hoibleagáidí atá orainn i leith íospartach agus a dteaghlach. Táimid ag leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní a theastaíonn chun a chinntiú go mbeidh ag íospartaigh agus ag a dteaghlach an t-eispéireas is séimhe agus is féidir ar an gcóras ceartais choiriúil.

Réimse eile ina bhfuil brú suntasach ann ar acmhainní is ea an obair idirnáisiúnta a dhéanann an Oifig ar mhaithe le hionchúisimh a chur ar aghaidh. Tríd is tríd, bíonn dhá rud i gceist leis an obair sin – fianaise a lorg ó thír eile agus eiseachadadh. Mar a léirítear sna figiúirí atá leagtha amach ar leathanach 39, tharla



sé, i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2015, gur tháinig méadú faoi dhó ar an líon iarrataí ar fhaisnéis thar lear a phróiseáil an Oifig sa bhliain 2017. Is léiriú é sin ar an méid mór oibre a bhíonn i gceist ar leibhéal idirnáisiúnta nuair a bhíonn fianaise á bailiú thar lear faoin gcóras um Chúnamh Dílíthiúil Frithpháirteach.

Chomh maith leis sin, lorgaímid go rialta go bhfillfí daoine a bhfuil amhras ann go ndearna siad cionta laistigh den dlínse seo. Déileáiltear leis sin trí iarratas a dhéanamh ar Bharántas Gabhála Eorpach i gcás go bhfuil an duine atá faoi amhras san Aontas Eorpach nó trí iarraidh eiseachadta a dhéanamh chuig an stát ábhartha i gcás go bhfuil an duine lasmuigh den Aontas. Is leagtha amach ar leathanaigh 37 agus 38 atá sonraí faoin obair a rinne an Oifig i dtaca le Barántais Ghabhála Eorpacha.

Cuireadh an-bhrú ar acmhainní mar thoradh ar an ualach oibre méadaitheach laistigh den Aonad Idirnáisiúnta, mar atá leagtha amach thuas. Mar gheall ar an mbrú ar acmhainní foirne, tháinig riaráiste oibre chun cinn sa bhliain 2017, go háirithe i dtaca le hiarratais ar Bharántais Ghabhála Eorpacha. Tá áthas orm a rá go rabhamar in ann le míonna beaga

anuas bearta a dhéanamh chun dul i ngleic leis an riaráiste sin. Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le haghaidh post sinsearach nua a chruthú. Chuir sé sin ar ár gcumas Rannán nua Seirbhísí Tacaíochta Ionchúiseamh a bhunú i mí an Mheithimh i mbliana. Mar a fheicfidh tú sa chairt eagraíochta ar leathanach 11, cuimsíonn an Rannán sin, atá faoi stiúir ag Catherine Pierse, Aturnae, an tAonad Idirnáisiúnta, na feidhmeanna Beartais, Taighde agus Leabharlainne, agus an tAonad Idirchaidrimh Íospartach. A bhuí leis an Rannán nua, beifear in ann béim athnuaithe a chur ar na réimsí sin. Táimid ag déanamh athbhreithniú, mar ábhar práinne, ar na hacmhainní breise a theastaíonn ionas gur féidir freastal ar an éileamh méadaitheach, go háirithe i dtaca le híospartaigh agus leis an obair idirnáisiúnta.

Tá an bhéim ar an ngné idirnáisiúnta ábhartha go háirithe, ar ndóigh, i bhfianaise an Bhreathimeachta atá le teacht. Beidh impleachtaí an-tromchúiseach aige sin don choireacht a ionchúiseamh agus don cheartas coiriúil i gcoitinne sa tír seo. Ag féachaint don méid teagmhála eatarthu, tá sé rithábachtach go mbeidh socruithe éifeachtacha eiseachadta ar bun idir an dlínse seo agus an Ríocht Aontaithe. Sa bhliain 2017, ba chuig an Ríocht Aontaithe a seoladh formhór mór na mBarántas Gabhála Eorpach. Ní bheidh feidhm ag na socruithe reatha a thuilleadh ón 31 Márta 2019 i leith, ar socruithe iad atá an-éifeachtúil maidir le filleadh daoine chun críocha ionchúisimh a áirithiú. Tá sé rithábachtach, mar sin, go dtiocfar ar chomhaontú ar chóras malartach roimh an dáta sin. Is eol dom go dtuigeann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Rialtas go maith na nithe atá riachtanach ina leith sin. Táthar ag súil go n-aimseofar réiteach praiticiúil ionas go gcuirfear sásraí i bhfeidhm chun sinn a chumasú eiseachadadh cúisithe a lorg ón Ríocht Aontaithe nó fianaise thábhachtach a lorg ón dlínse sin. Tá sé sin tábhachtach go háirithe i ndáil leis an teorainn chomhroinnte le Tuaisceart Éireann agus i ndáil lena riachtanaí atá sé go fóill gníomhaíocht easaontach threascrach a ionchúiseamh.

Tá brú ann fós ar bhuiséad na hOifige. Sa bhliain 2017, b'ionann an glanchaiteachas agus pas beag níos lú ná €41 milliún. Ba mhéadú é sin ó €38.6 milliún sa bhliain 2016. An réimse caiteachais is mó, a bhí cothrom le €16.4 milliún sa bhliain 2017, ba ea na táillí a íocadh le hAbhcóidí a fostaíodh chun cásanna a ionchúiseamh os comhair na gCúirteanna. Ba mhéadú de níos mó ná €1.5 milliún é sin ar an bhfigiúr don bhliain 2016. Cé gur tabhaíodh táillí suntasacha an

athuair sa bhliain 2017 mar thoradh ar thrialacha móra fada a d'éascair as an ngéarchéim baincéireachta, bhí leibhéil mhéadaithe ghníomhaíochta i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil ar an gcúis ba mhó leis an gcaiteachas méadaithe. Fágann an líon foriomlán trialacha a mbítear ag déileáil leo os comhair na gcúirteanna ar gach leibhéal san am i láthair go mbeidh gá ann leis an leithdháileadh reatha ar a laghad ar tháillí Abhcóidí a sholáthar sa bhliain 2019. Mar shampla, táthar ag súil go mbeidh seisear breithiúna suí ag an bPríomh-Chúirt Choiriúil go ceann i bhfad.

Cé gur cuireadh i gcrích na trialacha a seoladh i dtaca leis an ngéarchéim baincéireachta, leanfaidh an tAonad Speisialta Airgeadais a bunaíodh sa bhliain 2011 chun déileáil leis na cásanna sin de bheith i mbun oibre agus díreoidh sé anois ar mhórchásanna eile coireachta airgeadais, ag obair dó i ndlúthchomhar le Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.

Leanann an Oifig ar aghaidh ag oiriúnú agus ag forbairt chun go mbímid in ann freastal ar na dúshláin a théann i bhfeidhm ar an dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre. Faoi láthair, tá ag an Oifig roinnt tionscadal TF ar leithdháileadh cistí orthu. Tá na tionscadail sin ag imscrúdú na mbealaí éagsúla is féidir obair na hOifige agus an chumarsáid le gníomhaireachtaí eile a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla. Táim buíoch den líon ard ball foirne san Oifig a d'oibrigh chun na tionscadail éagsúla bhainistíochta athruithe sin a chur ar aghaidh chun a chinntiú go mbeimid in ann an tseirbhís ionchúisimh is fearr is féidir a sholáthar thar ceann mhuintir na hÉireann.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill foirne san Oifig seo, leis na hAturnaetha Stáit ar fud na tíre agus leis an líon ard abhcóidí ionchúisimh a ghlac páirt in oibriú na seirbhíse ionchúisimh sa bhliain 2017 as an tiomantas a thaispeánann siad agus an obair dhícheallach a dhéanann siad.



**Claire Loftus**  
**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**  
Meán Fómhair 2018

---

## **RÁITEAS MHISIN**

---

Seirbhís ionchúisimh atá  
neamhspleách, cóir agus éifeachtach  
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

# SRACFHÉACHAINT AR 2017



**€40.9 milliún**

Costas iomlán a bhain le reáchtáil na Seirbhíse Ionchúisimh in 2017

**13,666**

Líon iomlán na gcomhad ionchúisimh a fuarthas in 2017




**195**

Líon iomlán na mball foirne atá ag obair in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

**66%**

Céatadán na gcásanna a ndearnadh cinneadh fúthu laistigh de 4 seachtaine



**94%**

Ráta foriomlán na gciontuithe a coinníodh

**638**

Líon na n-iarratas ar na fáthanna a bhí le cinntí a rinneadh chun gan cásanna a ionchúiseamh



**€988,297**

An méid a aisghabhadh ó fháltais choireachta agus a tugadh ar ais do chistí poiblí

# CUID 1:

## FORBHREATHNÚ AR OBAIR NA hOIFIGE

---



# 1.1 FORBHREATHNÚ AR OBAIR NA HOIFIGE

**1.1.1** Is é atá i mbunfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ná ionchúiseamh poiblí agus nithe coiriúla gaolmhara a sheoladh agus a mhaoirsiú.

**1.1.2** Faightear tromlach na gcásanna a ndéileálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leo ón nGarda Síochána arb é an phríomhghníomhaireacht náisiúnta imscrúdúcháin é. Ach, maidir le roinnt cásanna, is cásanna iad a tharchuireann gníomhaireachtaí speisialaithe imscrúdúcháin chuig an Oifig, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

**1.1.3** Tá ceithre rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

- i)** Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an **Rannán Stiúrtha** cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfadh cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré

a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

- ii)** Cuireann **Rannán na nAturnaetha**, faoi cheannas an Phríomh-Aturnae Ionchúiseamh, seirbhís aturnae ar fáil don Stiúrthóir maidir le cásanna a ullmhú agus a chur i láthair i gCúirteanna Dúiche agus Cúirteanna Coiriúla Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc, san Ard-Chúirt agus sna Cúirteanna Uachtaracha. Taobh amuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, tá 32 aturnae stáit áitiúla, a fhostaítear ar bhunús conartha a chuireann seirbhís aturnae ar fáil sa Chúirt Cuarda agus i gcúrsaí áirithe sa Chúirt Dúiche ina gceantair áitiúla féin.

- iii)** Cuimsíonn an **Rannán Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh** an tAonad um Beartas Ionchúiseamh agus Taighde a chuireann taighde dlí agus beartais ar fáil, a fhorbraíonn beartais ionchúiseamh agus a chuireann comhairle ar fáil ar dhoiciméid bheartais dhlíthiúla a sheoltar chuig an Oifig lena mbreithniú; an tAonad Leabharlainne a sholáthraíonn seirbhísí faisnéise agus saineolais don fhoireann dhlíthiúil agus riaracháin araon; an tAonad Idirchaidrimh Íospartach, atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig na hoibleagáidí atá uirthi i dtaca le híospartaigh na coireachta a chosaint agus le tacaíocht a thabhairt dóibh, mar a leagtar amach faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017; agus an tAonad Idirnáisiúnta a dhéileálann le réimsí den

dlí coiriúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear eiseachadadh, Barántais Ghabhála Eorpacha agus iarratais ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach.

- iv)** Soláthraíonn an **Rannán Riaracháin** na seirbhísí eagrúcháin, bonneagair, riaracháin agus faisnéise atá riachtanach don Oifig agus soláthraíonn siad tacaíocht do na Rannáin Stiúrthóireachta, Tacaíochta agus Ionchúiseamh agus do Rannán na nAturnaetha.

# 1.2 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMHCHOIRIÚIL

## AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó de na hionchúisimh achoimre i ndáil le cionta nach cionta tromchúiseacha a sheoladh sa Chúirt Dúiche (faoi réir ag cumhacht an DPP treoir a thabhairt)
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta tromaí

### RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

### ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL

(Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche agus achomhairc chuig an gCúirt Chuaird
  - Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreoracha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
    - Cásanna a ullmhú le hagaidh na cúirte

## RANNÁN NA dTREORACHA, OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnae stáit áitiúla
  - Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnae stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

### RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

### ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL

(Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Ionchúiseamh a dhéanamh de réir na dteoracha a fuarthas
  - Freastal ar éisteachtaí sa Chúirt Dúiche agus iad a ionchúiseamh
    - Leabhar fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh i gcúirteanna trialach
  - Freastal ar thriail agus an toradh a thuairisciú don Roinn Treorúcháin
- Dul i mbun idirchaidrimh le gníomhaireachtaí agus páirtithe a bhfuil baint acu leis an bpróiseas coiriúil
  - Treoir a thabhairt ar chásanna Athbhreithnithe Breithiúnacha agus iad a stiúradh
  - Achomhairc a ionchúiseamh sa Chúirt Chuaird agus sa Chúirt Achomhairc (Coiriúil)


## ABHCÓIDE IONCHÚISIMH

- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotál a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## NA CÚIRTEANNA

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
  - Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
    - Pianbhreith a ghearradh

# 1.3 STRUCHTÚR NA hEAGRAÍOCHTA (Mar atá ag Meán Fómhair 2018)



# CUID 2:

## ACHOIMRE AR CHOMHAID A FUARTHAS & AR THORTHÁÍ

---

# NÓTA MÍNITHE I NDÁIL LE STAITISTICÍ

## 2.1 Tá Cuid 2 briste síos i cuig roinn ar leith:

- i) Cairt 2.1.1 go dtí Cairt 2.1.5 (Cuid 2.1) a bhaineann le comhaid a theacht isteach san Oifig agus lena n-áirítear mionsonraí faoi chineálacha na dtreoracha a tugadh;
- ii) Cairt 2.2.1 go dtí Cairt 2.2.5 (Cuid 2.2) ina dtugtar mionsonraí faoi thorthaí na gcásanna a ndearna an Stiúrthóir ionchúiseamh ar díotáil ina leith maidir leis na comhaid sin a tháinig faoi bhráid na hOifige idir an bhliain 2010 agus an bhliain 2012.
- iii) Soláthraíonn Cairteacha 2.3.1 go 2.3.4 (Cuid 2.3) mionsonraí faoi iarratais a rinneadh chuig na Cúirteanna i ndáil le hachomhairc i gcásanna coiriúla, i ndáil le hathbhreithnithe ar phianbhreitheanna ar fhoras trócaire míchuí, i ndáil le coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla, agus i ndáil le Barántais Gabhála Eorpacha.
- iv) Soláthraíonn Cairt 2.4.1 (Cuid 2.4) mionsonraí faoi ullmhú/eisiúint larrataí ar Eiseachadhadh (eiseachadhadh a lorg i gcás daoine nach bhfuil i láthair i mballstáit a thagann faoi réim an Bharántas Gabhála Eorpaigh).
- v) Tugann Cairt 2.5.1 (Cuid 2.5) mionsonraí ar iarratais ar chúnamh dlí frithpháirteach a phróiseáil Oifig an an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

## 2.2 Baineann gach idirdhealú de réir na mblianta sna táblaí staitistice leis an mbliain ar tháinig an comhad faoi bhráid na hOifige. Is é cúis atá le heolas a ríomh chomh fada siar i gcairteanna 2.2.1 go dtí 2.2.5 ionas go dtugtar san áireamh an tréimhse ama a bhíonn caite idir cinneadh ionchúiseamh a thioncsnamh agus an tráth a dtugtar breith cúirte. Dá mbeifí le staitisticí a chur ar fáil

i ndáil le torthaí chásanna na bliana 2016, bheadh sciar mór de na cásanna á rangú go fóill mar chásanna atá le héisteacht agus is beag fiúntais a bheadh leis na staitisticí. Ní gá gur léiriú ionadaíoch an léargas ar chásanna a éistítear tamall gairid tar éis a dtabhairt.

## 2.3 Déantar iarracht sa tuarascáil seo leaganacha nuashonraithe de na sonraí a léiríodh sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo a thabhairt san áireamh chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh na sonraí roimhe seo. Mar gheall ar an athrú a thagann go seasta ar stádas cásanna – mar shampla, d'fhéadfadh cás a rabhthas ag feitheamh ina leith tráth ar ullmhaíodh tuarascáil roimhe seo a bheith tugtha chun críche faoin am seo – beidh n fhaireann sa tuarascáil seo éagsúil leis an bhfaireann ar an réimse céanna cásanna i dtuarascálacha roimhe seo. Chomh maith leis sin, ní móide gur inchomórtais sonraí ó bhlianta éagsúla ó tharla gur mó de na cásanna a thugtar chun críche le himeacht aimsire agus go bhféadfadh sin gur iomláine an t-eolas maidir le cásanna ó na blianta is luaithe ná ó na blianta is deireanaí. Mura luaitear a mhalairt, rinneadh leasú maidir leis na sonraí a luaitear sna staitisticí seo i mí Meán Fómhair 2018.

## 2.4 Ní mór cúram maidir leis na staitisticí seo a chur i gcomparáid le staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile, mar shampla an tSeirbhís Chúirteanna nó an Garda Síochána. Tá na staitisticí a fhoilsítear anseo bunaithe ar rangú agus ar chatagóirí na hOifige féin agus ní gá go mbeadh an córas sin agus an córas rangúcháin in eagraíocht eile ag teacht le chéile go baileach.

# 2.1 COMHAID IONCHÚISIMH

## A FUARTHAS

Léirítear i gCairt 2.2.1 an líon iomlán comhad ionchúisimh a fuarthas in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ó 2002 go 2017.

Ní áirítear sa chairt obair atá déanta ag an Oifig i ndáil le nithe eile nach mbaineann go díreach le comhaid ionchúisimh choiriúil, mar shampla: iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána, ó aturnaetha stáit áitiúla nó ó ghníomhaireachtaí eile; nithe a bhaineann le beartas; nó fiosrúcháin ghinearálta.

**CAIRT 2.2.1: Líon iomlán na gComhad a Fuarthas**

| BLIAIN | COMHAID |
|--------|---------|
| 2002   | 14,586  |
| 2003   | 14,696  |
| 2004   | 14,613  |
| 2005   | 14,427  |
| 2006   | 15,279  |
| 2007   | 15,446  |
| 2008   | 16,144  |
| 2009   | 16,074  |
| 2010   | 15,948  |
| 2011   | 16,127  |
| 2012   | 15,285  |
| 2013   | 13,761  |
| 2014   | 14,012  |
| 2015   | 14,306  |
| 2016   | 13,172  |
| 2017   | 13,666  |


Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a ceann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2.1.2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh.

#### CAIRT 2.1.2: Comhaid a nDéileáiltear leo i Roinn na nAturnaetha

|                                                   | 2017        | %           | 2016        | %           | 2015        | %           |
|---------------------------------------------------|-------------|-------------|-------------|-------------|-------------|-------------|
| Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche                 | 1009        | 21%         | 947         | 22%         | 1006        | 19%         |
| Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda | 2228        | 47%         | 1995        | 45%         | 2030        | 38%         |
| Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte                  | 1360        | 28%         | 1246        | 28%         | 2060        | 38%         |
| Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha           | 192         | 4%          | 210         | 5%          | 246         | 5%          |
| <b>IOMLÁN</b>                                     | <b>4789</b> | <b>100%</b> | <b>4398</b> | <b>100%</b> | <b>5342</b> | <b>100%</b> |






Léirítear i gCairt 2.1.3 líon na gcomhad a fuarthas ina gcaithfear cinneadh a dhéanamh iad a ionchúiseamh nó gan iad a ionchúiseamh. Déanann an chairt comparáid idir líon na gcomhad a fuarthas agus líon na daoine a bhfuil drochamhras fúthu ó thaobh na gcomhad sin. Tá sé seo amhlaidh toisc go mbaineann go leor comhad le breis is duine amháin a bhfuil amhras fúthu. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, breathnú ar líon iomlán na ndaoine a bhfuil drochamhras fúthu chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

**CAIRT 2.1.3: Briseadh Síos Maidir Leis na Comhaid a Fuarthas d’Fhonn Cinneadh Cibé an an nDéanfaí Ionchúiseamh**

|                                                                           | 2017  | 2016  | 2015  |
|---------------------------------------------------------------------------|-------|-------|-------|
| Líon na gcomhad a fuarthas d’fhonn cinneadh cibé an ndéanfaí ionchúiseamh | 8877  | 8774  | 8964  |
| Líon na n-amhrastach a bhain leis na comhaid sin                          | 11499 | 11352 | 12004 |



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2015, 2016 agus 2017 (suas go dtí Meán Fómhair 2018). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid atur nae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcountas:

**Ionchúiseamh ar bith:** Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

**Ionchúiseamh ar Díotáil:** Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.


**Diúscairt Achomair:** Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

**Faoi Bhreithniú:** Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh.

**NÓTA:** Tá na figiúirí do 2015 agus 2016 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hionchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaigh cosantóirí triail le giúiré agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.

#### CAIRT 2.1.4: Diúscairt Comhad an Roinn Treorúcháin de Réir Líon Daoine is ábhar do na Comhaid a Fuarthas


| Treoir Déanta                           | 2017         | %   | 2016         | %   | 2015         | %   |
|-----------------------------------------|--------------|-----|--------------|-----|--------------|-----|
| Ionchúiseamh ar Bith                    | 4494         | 39% | 4643         | 41% | 5086         | 43% |
| Ionchúiseamh nó Indíotail               | 3576         | 31% | 3439         | 30% | 3389         | 28% |
| Diúscairt Achomair                      | 3345         | 29% | 3241         | 29% | 3522         | 29% |
| <b>LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH</b> | <b>11415</b> |     | <b>11323</b> |     | <b>11997</b> |     |
| Faoi Bhreithniú                         | 84           | 1%  | 29           | 0%  | 7            | 0%  |
| <b>IOMLÁN</b>                           | <b>11499</b> |     | <b>11352</b> |     | <b>12004</b> |     |



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt. Is é 'eile' an tagairt a úsáidtear ina leith seo sa chairt thíos.

#### CAIRT 2.1.4a: Cur Síos ar na Príomhchúiseanna ar Threoir gan Duine atá faoi Amhras a Ionchúiseamh

| Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh                 | 2017        | %   | 2016        | %   | 2015        | %   |
|-----------------------------------------------------|-------------|-----|-------------|-----|-------------|-----|
| Ganntanas Fianaise                                  | 3579        | 80% | 3714        | 80% | 3966        | 78% |
| Clár Athstíurtha Óige                               | 76          | 1%  | 62          | 1%  | 66          | 1%  |
| Leas an Phobail                                     | 80          | 2%  | 87          | 2%  | 84          | 2%  |
| Forais Simpíteacha                                  | 1           | 0%  | 3           | 0%  | 7           | 0%  |
| Tréimhse Ama Caite                                  | 39          | 1%  | 34          | 1%  | 42          | 1%  |
| Moill Mhíchúí                                       | 48          | 1%  | 43          | 1%  | 76          | 2%  |
| Tarraingíonn an Páirtí Díobháilaithe Siar an Gearán | 302         | 7%  | 294         | 6%  | 278         | 5%  |
| Rabhadh Aosach                                      | 79          | 2%  | 93          | 2%  | 112         | 2%  |
| Eile                                                | 290         | 6%  | 313         | 7%  | 455         | 9%  |
| <b>IOMLÁN</b>                                       | <b>4494</b> |     | <b>4643</b> |     | <b>5086</b> |     |



Is briseadh síos atá i gCairt 2.1.4b de na treoracha a tugadh ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndearnadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta. Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna ar cásanna iad 'atá á mbeirtheáil' (féach cairt 2.1.4). Áirítear anseo cásanna ina bhfuarthas comhad ach ina dteastaíonn breis faisnéise. Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d'ionchúiseamh ar díotáil a bheith mar thoradh orthu.

### CAIRT 2.1.4b: CUR SÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA

|                   | Daonra 2017* |           |           |           |           | Daonra 2016* |      |      |      |      | Daonra 2015* |      |      |      |      | Daonra 2014* |      |      |      |      | Daonra 2013* |      |      |      |      | Ionchúiseamh ar Díotáil Treoraithe de Réir Contae an Chionna |           |           |  |  | Cásanna an 1,000 Dúinne |  |  |  |  | Meáin Rolta 3 Bliana |  |  |  |  |
|-------------------|--------------|-----------|-----------|-----------|-----------|--------------|------|------|------|------|--------------|------|------|------|------|--------------|------|------|------|------|--------------|------|------|------|------|--------------------------------------------------------------|-----------|-----------|--|--|-------------------------|--|--|--|--|----------------------|--|--|--|--|
|                   | 2017*        | 2016*     | 2015*     | 2014*     | 2013*     | 2017         | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2017         | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2017         | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2017         | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2015-2017                                                    | 2014-2016 | 2013-2014 |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Ceatharlach       | 57,489       | 56,932    | 55,613    | 55,405    | 55,438    | 48           | 42   | 28   | 47   | 28   | 0.83         | 0.74 | 0.50 | 0.85 | 0.51 | 0.69         | 0.70 | 0.62 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| An Cabhán         | 76,887       | 76,176    | 70,498    | 71,621    | 72,431    | 59           | 63   | 44   | 34   | 53   | 0.77         | 0.83 | 0.62 | 0.47 | 0.73 | 0.74         | 0.64 | 0.61 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| An Clár           | 119,550      | 118,817   | 116,755   | 116,848   | 116,786   | 114          | 66   | 84   | 84   | 59   | 0.95         | 0.56 | 0.72 | 0.72 | 0.51 | 0.74         | 0.66 | 0.65 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Corcaigh          | 543,517      | 542,868   | 522,833   | 525,957   | 523,770   | 296          | 382  | 369  | 420  | 384  | 0.54         | 0.70 | 0.71 | 0.80 | 0.73 | 0.65         | 0.74 | 0.75 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Dún na nGall      | 160,677      | 159,192   | 155,225   | 157,697   | 159,492   | 55           | 73   | 54   | 47   | 60   | 0.34         | 0.46 | 0.35 | 0.30 | 0.38 | 0.38         | 0.37 | 0.34 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Baile Átha Cliath | 1,350,000    | 1,347,359 | 1,305,300 | 1,274,600 | 1,262,400 | 1443         | 1307 | 1431 | 1231 | 1260 | 1.07         | 0.97 | 1.10 | 0.97 | 1.00 | 1.05         | 1.01 | 1.02 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Gaillimh          | 257,484      | 258,058   | 245,106   | 246,006   | 246,457   | 151          | 125  | 99   | 140  | 94   | 0.59         | 0.48 | 0.40 | 0.57 | 0.38 | 0.49         | 0.49 | 0.45 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Ciarraí           | 147,883      | 147,707   | 146,567   | 147,443   | 146,830   | 73           | 91   | 89   | 82   | 84   | 0.49         | 0.62 | 0.61 | 0.56 | 0.57 | 0.57         | 0.59 | 0.58 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Cill Dara         | 226,925      | 222,504   | 218,356   | 216,574   | 214,158   | 87           | 100  | 88   | 93   | 93   | 0.38         | 0.45 | 0.40 | 0.43 | 0.43 | 0.41         | 0.43 | 0.42 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Cill Chainnigh    | 100,203      | 99,232    | 97,168    | 96,804    | 96,861    | 62           | 68   | 47   | 37   | 41   | 0.62         | 0.69 | 0.48 | 0.38 | 0.42 | 0.60         | 0.52 | 0.43 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Laois             | 86,088       | 84,697    | 83,637    | 82,895    | 82,353    | 70           | 48   | 46   | 34   | 47   | 0.81         | 0.57 | 0.55 | 0.41 | 0.57 | 0.64         | 0.51 | 0.51 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Liatroim          | 32,343       | 32,044    | 30,631    | 31,119    | 31,471    | 13           | 9    | 14   | 16   | 11   | 0.40         | 0.28 | 0.46 | 0.51 | 0.35 | 0.38         | 0.42 | 0.44 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Luimneach         | 196,102      | 194,899   | 191,088   | 191,239   | 191,138   | 193          | 187  | 189  | 130  | 156  | 0.98         | 0.96 | 0.99 | 0.68 | 0.82 | 0.98         | 0.88 | 0.83 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| An Longford       | 41,544       | 40,873    | 40,490    | 40,131    | 39,869    | 37           | 39   | 22   | 23   | 29   | 0.89         | 0.95 | 0.54 | 0.57 | 0.73 | 0.80         | 0.69 | 0.61 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Lú                | 130,087      | 128,884   | 118,388   | 120,274   | 121,634   | 133          | 104  | 84   | 97   | 69   | 1.02         | 0.81 | 0.71 | 0.81 | 0.57 | 0.85         | 0.77 | 0.69 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Maigh Eo          | 130,216      | 130,507   | 127,747   | 128,216   | 128,451   | 82           | 71   | 87   | 55   | 75   | 0.63         | 0.54 | 0.68 | 0.43 | 0.58 | 0.62         | 0.55 | 0.56 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| An Mhí            | 198,920      | 195,044   | 191,178   | 189,618   | 187,503   | 101          | 104  | 90   | 76   | 75   | 0.51         | 0.53 | 0.47 | 0.40 | 0.40 | 0.50         | 0.47 | 0.42 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Muineachán        | 61,959       | 61,386    | 58,264    | 59,192    | 59,861    | 29           | 37   | 35   | 31   | 33   | 0.47         | 0.60 | 0.60 | 0.52 | 0.55 | 0.56         | 0.58 | 0.56 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Uíbh Fhailí       | 79,241       | 77,961    | 79,617    | 78,911    | 78,395    | 41           | 33   | 34   | 43   | 25   | 0.52         | 0.42 | 0.43 | 0.54 | 0.32 | 0.46         | 0.47 | 0.43 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Ros Comáin        | 64,400       | 64,544    | 62,647    | 62,877    | 62,992    | 24           | 39   | 31   | 24   | 23   | 0.37         | 0.60 | 0.49 | 0.38 | 0.37 | 0.49         | 0.49 | 0.41 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Sligeach          | 66,147       | 65,535    | 62,994    | 63,997    | 64,721    | 28           | 43   | 47   | 26   | 45   | 0.42         | 0.66 | 0.75 | 0.41 | 0.70 | 0.61         | 0.60 | 0.62 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Tiobraid Árann    | 160,857      | 159,553   | 160,110   | 159,829   | 159,845   | 130          | 122  | 106  | 86   | 125  | 0.81         | 0.76 | 0.66 | 0.54 | 0.78 | 0.74         | 0.65 | 0.66 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Port Láirge       | 117,313      | 116,176   | 115,881   | 115,447   | 115,515   | 77           | 83   | 84   | 100  | 72   | 0.66         | 0.71 | 0.72 | 0.87 | 0.62 | 0.70         | 0.77 | 0.74 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| An Iarmhí         | 90,227       | 88,770    | 89,456    | 88,663    | 88,083    | 95           | 65   | 69   | 61   | 48   | 1.05         | 0.73 | 0.77 | 0.69 | 0.54 | 0.85         | 0.73 | 0.67 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Loch Garman       | 151,186      | 149,722   | 147,985   | 147,429   | 147,517   | 71           | 70   | 65   | 62   | 52   | 0.47         | 0.47 | 0.44 | 0.42 | 0.35 | 0.46         | 0.44 | 0.40 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| Cill Mhantáin     | 145,255      | 142,425   | 141,866   | 140,708   | 139,139   | 63           | 68   | 53   | 93   | 74   | 0.43         | 0.48 | 0.37 | 0.66 | 0.53 | 0.43         | 0.50 | 0.52 |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |
| IOMLÁN            | 4,792,500    | 4,761,865 | 4,635,400 | 4,609,500 | 4,593,100 | 3575         | 3439 | 3389 | 3172 | 3115 |              |      |      |      |      |              |      |      |      |      |              |      |      |      |      |                                                              |           |           |  |  |                         |  |  |  |  |                      |  |  |  |  |

\*Tá figiúirí daonraí do 2016 bainte as na figiúirí daonáirimh le haghaidh na bliana sin. Tá figiúirí 2013, 2014, 2015 & 2017 bunaithe ar chion na bhfigiúirí daonra réigiúnacha measta arna bhfoilsíú i Meastacháin Daonra agus Imlirce na Príomh-Oifige Staidrimh a eistodh in 2017, 2013, 2014 & 2015.


Léiríonn Cairt 2.1.5 an t-am idir comhad ionchúisimh críochnaithe a fháil san Oifig agus treoir a eisiúint maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Cinneadh an fhaisnéis seo a léiriú de réir “duine atá faoi amhras” seachas de réir comhad mar go dtarlaíonn sé i gcásanna áirithe go mbíonn níos mó ná duine amháin i gceist agus nach ndéantar an cinneadh céanna i leith gach duine acu i gcónaí.

Bíonn comhaid éagsúil ó thaobh méid agus chomh coimpléascach a bhíonn siad. I gcásanna áirithe, bhí gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh.

Rinneadh an t-am a caitheadh a ríomh ar bhonn na gcásanna a bhfuil treoir eisithe ina leith amháin. Níor cuireadh comhaid atá á mbreithniú fós san áireamh agus léirítear iad mar chatagóir ar leithligh.

### CAIRT 2.1.5: An Tam a Caitheadh Sular Eisíodh Cinneadh

| An tAm a Caitheadh                   | 2017         | %   | 2016         | %   | 2015         | %   |
|--------------------------------------|--------------|-----|--------------|-----|--------------|-----|
| 0 - Dhá Sheachtain                   | 5655         | 49% | 5800         | 51% | 6286         | 52% |
| Dhá - Cheithre Sheachtain            | 1921         | 17% | 1870         | 17% | 2045         | 17% |
| Ceithre Seachtaine - Trí Mhí         | 2582         | 22% | 2517         | 22% | 2525         | 21% |
| Trí Mhí - Sé Mhí                     | 911          | 8%  | 699          | 6%  | 814          | 7%  |
| Éigniú                | Ionsaí mígheanasach                                         | 1      | 0    | 1    | 1                | 0    | 0    | 0                   | 0    | 1    |
| Iarracht ar dhúnmharú | Seilbh ar airm tine le hintinn beo duine a chur i gcontúirt | 0      | 0    | 1    | 0                | 0    | 0    | 0                   | 0    | 1    |
| Iarracht ar Éigniú    | Ionsaí Gnéis                                                | 1      | 0    | 2    | 0                | 0    | 0    | 1                   | 0    | 2    |
| IOMLÁN                |                                                             | 18     | 10   | 23   | 5                | 7    | 6    | 13                  | 3    | 17   |

**CAIRT 2.2.4b: Briseadh Síos mar ‘Diúscairt ar Shlí Eile’**

|                                                  | 2016      | 2015      | 2014      |
|--------------------------------------------------|-----------|-----------|-----------|
| <i>Nolle Prosequi</i> Iontrailte                 | 7         | 6         | 4         |
| Duine atá faoi amhras neamh-inniúil ar phléadáil | 0         | 0         | 1         |
| Amhrastach Básaithe                              | 2         | 2         | 1         |
| Iarratas rathúil chun cúisimh a dhíbhe           | 0         | 0         | 1         |
| D’eisigh Breitheamh Ordú toirmisc                | 0         | 1         | 0         |
| Caite Amach                                      | 1         | 0         | 2         |
| Neamh Chiontach de Bharr Gealtachta              | 3         | 2         | 9         |
| <b>IOMLÁN</b>                                    | <b>13</b> | <b>11</b> | <b>18</b> |

**CAIRT 2.2.4c: Iomlán Cásanna Críochnaithe agus Céatadán Ciontuithe**  
(lena n-Áirítear Ciontuithe ar Chúiseamh Níos Lú)

|                            | IOMLÁN    |            |            | Céatadhán Ciontuithe |            |            |
|----------------------------|-----------|------------|------------|----------------------|------------|------------|
|                            | 2016      | 2015       | 2014       | 2016                 | 2015       | 2014       |
| Dúnmharú                   | 10        | 15         | 38         | 90%                  | 100%       | 97%        |
| Iarracht Dúnmharaithe      | 3         | 1          | 2          | 100%                 | 100%       | 100%       |
| Éigniú                     | 56        | 82         | 59         | 82%                  | 79%        | 68%        |
| Iarracht Éignithe          | 1         | 2          | 6          | 100%                 | 100%       | 100%       |
| Ionsaí is cúis le Díobháil | 0         | 0          | 1          | N/A                  | N/A        | 100%       |
| Dlí na hlomaíochta         | 0         | 0          | 2          | N/A                  | N/A        | 100%       |
| Cuidiú le Ciontóir         | 0         | 1          | 2          | N/A                  | 100%       | N/A        |
| <b>IOMLÁN</b>              | <b>70</b> | <b>101</b> | <b>110</b> | <b>86%</b>           | <b>83%</b> | <b>82%</b> |

Tuagann Cairt 2.2.5 briseadh síos ar fhíoraisc na gcás do gach cúirt choiriúil chuarda. Murab amhlaidh le Cairt 2.2.4, ní áirítear inti cásanna 'atá le hÉisteach' nó cásanna a raibh aon toradh eile orthu seachas ciontú nó éigíontú. Tabhair ar aird i roinnt cásanna, go bhféadfadh triail a bheith i gcúirt chuarda nach í an cúirt chuarda í don chontae ina ndearnadh an cion.

### CAIRT 2.2.5: Torthaí na gCásanna a Ionchúisíodh ar Díotáil sa Chúirt Choiriúil Chuarda de Réir Contae

|                   | Iomlán      |             |             | Ciontú le Giúiré |           |           | Ciontú le Phléadáil |             |             | Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú |            |            | Eigíontú ag Giúiré |           |           | Éigíontú le Treoir ón mBreitheamh |           |           |
|-------------------|-------------|-------------|-------------|------------------|-----------|-----------|---------------------|-------------|-------------|-----------------------------|------------|------------|--------------------|-----------|-----------|-----------------------------------|-----------|-----------|
|                   | 2016        | 2015        | 2014        | 2016             | 2015      | 2014      | 2016                | 2015        | 2014        | 2016                        | 2015       | 2014       | 2016               | 2015      | 2014      | 2016                              | 2015      | 2014      |
| Ceatharlach       | 33          | 18          | 34          | 0                | 1         | 3         | 28                  | 12          | 23          | 2                           | 4          | 4          | 3                  | 0         | 3         | 0                                 | 1         | 1         |
| An Cabhán         | 50          | 33          | 27          | 0                | 0         | 1         | 48                  | 29          | 18          | 2                           | 3          | 6          | 0                  | 1         | 0         | 0                                 | 0         | 2         |
| An Clár           | 48          | 69          | 74          | 2                | 2         | 0         | 37                  | 49          | 48          | 4                           | 9          | 24         | 5                  | 5         | 1         | 0                                 | 4         | 1         |
| Corcaigh          | 306         | 315         | 370         | 6                | 14        | 10        | 220                 | 250         | 293         | 47                          | 32         | 52         | 12                 | 10        | 7         | 21                                | 9         | 8         |
| Dún na nGall      | 36          | 35          | 36          | 0                | 3         | 2         | 29                  | 23          | 21          | 3                           | 5          | 13         | 4                  | 1         | 0         | 0                                 | 3         | 0         |
| Baile Átha Cliath | 877         | 1059        | 957         | 15               | 11        | 12        | 639                 | 753         | 724         | 207                         | 252        | 185        | 11                 | 30        | 17        | 5                                 | 13        | 19        |
| Gaillimh          | 63          | 68          | 107         | 1                | 4         | 3         | 51                  | 50          | 80          | 6                           | 9          | 19         | 5                  | 3         | 2         | 0                                 | 2         | 3         |
| Ciaraí            | 65          | 79          | 57          | 0                | 3         | 2         | 56                  | 68          | 46          | 5                           | 3          | 7          | 3                  | 5         | 2         | 1                                 | 0         | 0         |
| Cill Dara         | 80          | 60          | 75          | 5                | 2         | 4         | 57                  | 37          | 52          | 15                          | 10         | 7          | 2                  | 4         | 5         | 1                                 | 7         | 7         |
| Cill Chainnigh    | 57          | 39          | 30          | 0                | 0         | 3         | 27                  | 35          | 21          | 18                          | 2          | 5          | 8                  | 2         | 1         | 4                                 | 0         | 0         |
| Laois             | 32          | 33          | 27          | 0                | 2         | 0         | 24                  | 19          | 19          | 7                           | 7          | 5          | 1                  | 2         | 2         | 0                                 | 3         | 1         |
| Liatroim          | 5           | 11          | 9           | 0                | 0         | 0         | 2                   | 9           | 4           | 3                           | 1          | 2          | 0                  | 0         | 0         | 0                                 | 1         | 3         |
| Luimneach         | 105         | 147         | 102         | 0                | 8         | 1         | 94                  | 122         | 86          | 6                           | 14         | 12         | 3                  | 3         | 2         | 2                                 | 0         | 1         |
| An Longford       | 22          | 18          | 19          | 0                | 1         | 0         | 20                  | 12          | 13          | 2                           | 5          | 5          | 0                  | 0         | 0         | 0                                 | 0         | 1         |
| Lú                | 61          | 57          | 74          | 2                | 1         | 3         | 50                  | 44          | 53          | 8                           | 6          | 4          | 0                  | 3         | 2         | 1                                 | 3         | 12        |
| Maigh Eo          | 56          | 72          | 40          | 3                | 3         | 3         | 45                  | 56          | 30          | 6                           | 9          | 3          | 2                  | 4         | 4         | 0                                 | 0         | 0         |
| An Mhí            | 62          | 69          | 53          | 2                | 9         | 6         | 44                  | 53          | 35          | 12                          | 4          | 5          | 2                  | 3         | 5         | 2                                 | 0         | 2         |
| Muineachán        | 4           | 17          | 18          | 0                | 0         | 0         | 4                   | 14          | 14          | 0                           | 3          | 4          | 0                  | 0         | 0         | 0                                 | 0         | 0         |
| Uíbh Fhailí       | 27          | 27          | 26          | 1                | 0         | 0         | 21                  | 22          | 18          | 5                           | 3          | 5          | 0                  | 1         | 1         | 0                                 | 1         | 2         |
| Ros Comáin        | 30          | 23          | 17          | 1                | 0         | 0         | 24                  | 17          | 9           | 4                           | 2          | 3          | 0                  | 2         | 3         | 1                                 | 2         | 2         |
| Sligeach          | 29          | 33          | 23          | 1                | 1         | 1         | 17                  | 28          | 13          | 6                           | 2          | 3          | 3                  | 2         | 1         | 2                                 | 0         | 5         |
| Tiobraid Árann    | 88          | 88          | 69          | 4                | 5         | 3         | 58                  | 58          | 48          | 22                          | 17         | 12         | 4                  | 5         | 3         | 0                                 | 3         | 3         |
| Port Láirge       | 66          | 78          | 83          | 5                | 7         | 1         | 51                  | 46          | 58          | 2                           | 10         | 9          | 4                  | 4         | 9         | 4                                 | 11        | 6         |
| An Iarmhí         | 49          | 49          | 44          | 0                | 1         | 0         | 38                  | 39          | 36          | 4                           | 2          | 3          | 1                  | 1         | 1         | 6                                 | 6         | 4         |
| Loch Garman       | 53          | 49          | 58          | 1                | 3         | 1         | 45                  | 33          | 46          | 5                           | 9          | 8          | 1                  | 3         | 1         | 1                                 | 1         | 2         |
| Cill Mhantáin     | 42          | 36          | 80          | 1                | 1         | 8         | 24                  | 26          | 51          | 11                          | 6          | 8          | 4                  | 3         | 7         | 2                                 | 0         | 6         |
| <b>IOMLÁN</b>     | <b>2346</b> | <b>2582</b> | <b>2509</b> | <b>50</b>        | <b>82</b> | <b>67</b> | <b>1753</b>         | <b>1904</b> | <b>1859</b> | <b>412</b>                  | <b>429</b> | <b>413</b> | <b>78</b>          | <b>97</b> | <b>79</b> | <b>53</b>                         | <b>70</b> | <b>91</b> |



## CAIRT 2.2.5a: Iomlán Cásanna Críochnaithe agus Céatadán Ciontuithe

|                   | IOMLÁN      |             |             | Céatadán Ciontuithe |            |            |
|-------------------|-------------|-------------|-------------|---------------------|------------|------------|
|                   | 2016        | 2015        | 2014        | 2016                | 2015       | 2014       |
| Ceatharlach       | 33          | 18          | 34          | 91%                 | 94%        | 88%        |
| An Cabhán         | 50          | 33          | 27          | 100%                | 97%        | 93%        |
| An Clár           | 48          | 69          | 74          | 90%                 | 87%        | 97%        |
| Corcaigh          | 306         | 315         | 370         | 89%                 | 94%        | 96%        |
| Dún na nGall      | 36          | 35          | 36          | 89%                 | 89%        | 100%       |
| Baile Átha Cliath | 877         | 1059        | 957         | 98%                 | 96%        | 96%        |
| Gaillimh          | 63          | 68          | 107         | 92%                 | 93%        | 95%        |
| Ciarraí           | 65          | 79          | 57          | 94%                 | 94%        | 96%        |
| Cill Dara         | 80          | 60          | 75          | 96%                 | 82%        | 84%        |
| Cill Chainnigh    | 57          | 39          | 30          | 79%                 | 95%        | 97%        |
| Laois             | 32          | 33          | 27          | 97%                 | 85%        | 89%        |
| Liatroim          | 5           | 11          | 9           | 100%                | 91%        | 67%        |
| Luimneach         | 105         | 147         | 102         | 95%                 | 98%        | 97%        |
| An Longford       | 22          | 18          | 19          | 100%                | 100%       | 95%        |
| Lú                | 61          | 57          | 74          | 98%                 | 89%        | 81%        |
| Maigh Eo          | 56          | 72          | 40          | 96%                 | 94%        | 90%        |
| An Mhí            | 62          | 69          | 53          | 94%                 | 96%        | 87%        |
| Muineachán        | 4           | 17          | 18          | 100%                | 100%       | 100%       |
| Uíbh Fhailí       | 27          | 27          | 26          | 100%                | 93%        | 88%        |
| Ros Comáin        | 30          | 23          | 17          | 97%                 | 83%        | 71%        |
| Sligeach          | 29          | 33          | 23          | 83%                 | 94%        | 74%        |
| Tiobraid Árann    | 88          | 88          | 69          | 95%                 | 91%        | 91%        |
| Port Láirge       | 66          | 78          | 83          | 88%                 | 81%        | 82%        |
| An Iarmhí         | 49          | 49          | 44          | 86%                 | 86%        | 89%        |
| Loch Garman       | 53          | 49          | 58          | 96%                 | 92%        | 95%        |
| Cill Mhantáin     | 42          | 36          | 80          | 86%                 | 92%        | 84%        |
| <b>IOMLÁN</b>     | <b>2346</b> | <b>2582</b> | <b>2509</b> | <b>94%</b>          | <b>94%</b> | <b>93%</b> |

## 2.3 IARRATAIS CHUIG NA CÚIRTEANNA

Soláthraíonn Cairteacha 2.3.1 go 2.3.4 mionsonraí faoi iarratais a rinneadh chuig na Cúirteanna i ndáil le hachomhairc i gcásanna coiriúla, i ndáil le hathbhreithnithe ar phianbhreitheanna ar fhoras trócaire míchuí, i ndáil le coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla, agus i ndáil le Barántais Gabhála Eorpacha.

### ACHOMHAIRC CHUIG AN GCÚIRT ACHOMHAIRC (COIRIÚIL)

Bunaíodh an Chúirt Achomhairc nua i mí Dheireadh Fómhair 2014, tar éis an 33ú Leasú chuig an mBunreacht agus achtú na hAhta um Chúirt Achomhairc Choiriúil in 2014. Seasann an Chúirt idir an Ard-Chúirt agus na Cúirteanna Uachtaracha agus ghlac an Chúirt seilbh ar dháinse achomhairc na Cúirte Uachtaraí agus an Chúirt Achomhairc Choiriúil in ábhair choiriúla. Éisteadh an chéad chás achomhairc choiriúil an 10 de mhí na Samhna 2014.

Tugann Cairt 2.3.1 thíos achoimre ar an méid achomharc a taisceadh ó bhunú na Cúirte nua. Tugann an colún 'Achomharc ag an DPP' achoimre ar an méid cásanna ina raibh an Stiúrthóir ina achomharcóir, lena n-áirítear, mar shampla, boige míchuí, éigíontú, agus oiriúnacht chun achomhairc a phléadáil. Leagann na colúin eile amach na cásanna ina raibh an Stiúrthóir ina freagróir agus bainteach le déine na pianbhreithe agus achomhairc ciontaithe.

**CHART 2.3.1: Toradh Achomharc chuig an gCúirt Achomhairc (Coiriúil) ó Shamhain 2014**

| Bliain                  | Achomharc ag DPP | Déine na pianbhreithe | Ciontú     | Ciontú agus Géire | IOMLÁN NA gCÁSANNA |
|-------------------------|------------------|-----------------------|------------|-------------------|--------------------|
| <b>Samh – Noll 2014</b> | 10               | 37                    | 9          | 13                | <b>69</b>          |
| <b>Ean – Noll 2015</b>  | 44               | 195                   | 40         | 54                | <b>333</b>         |
| <b>Ean – Noll 2016</b>  | 59               | 164                   | 47         | 59                | <b>329</b>         |
| <b>Ean – Noll 2016</b>  | 49               | 138                   | 42         | 49                | <b>278</b>         |
| <b>IOMLÁN</b>           | <b>162</b>       | <b>534</b>            | <b>138</b> | <b>175</b>        | <b>1009</b>        |

## IARRATAIS MAIDIR LE HATHBHREITHNIÚ AR PHIANBHREITH AR FHORAS RÓTHRÓCAIRE

Foráiltear le hAlt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, go bhféadann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil athbhreithniú a dhéanamh ar phianbhreith a ghearr cúirt na trialach, más dealraitheach go bhfuil an phianbhreith róthrócaireach faoin dlí.

Tugann Cairt 2.3.2 thíos mionsonraí ar líon na n-iarratas a thaisceadh le deich mbliana anuas.

I gCairt 2.3.2a, leagtar amach torthaí iarratas, le 10 mbliana anuas, de réir na bliana inar éisteadh an t-iarratas.

### CAIRT 2.3.2: Iarratais ar Phianbhreitheanna a Athbhreithniú ar Fhoras Rothróciare

| Bliain an Iarratais | An Líon Iarratas a Taisceadh |
|---------------------|------------------------------|
| 2007                | 42                           |
| 2008                | 58                           |
| 2009                | 57                           |
| 2010                | 54                           |
| 2011                | 55                           |
| 2012                | 21                           |
| 2013                | 32                           |
| 2014                | 31                           |
| 2015                | 38                           |
| 2016                | 56                           |
| 2017                | 49                           |

### CAIRT 2.3.2a: Torthaí na nIarratas de Réir na Bliana ar Éisteadh Iad

| Bliain Thaisceadh an Iarratais | D'éirigh leo | Diúltaithe | Iarratas Caite Amach nó Tarraingthe Siar | IOMLÁN |
|--------------------------------|--------------|------------|------------------------------------------|--------|
| 2007                           | 30           | 6          | 3                                        | 39     |
| 2008                           | 30           | 14         | 3                                        | 47     |
| 2009                           | 15           | 13         | 3                                        | 31     |
| 2010                           | 27           | 27         | 3                                        | 57     |
| 2011                           | 22           | 18         | 3                                        | 43     |
| 2012                           | 15           | 10         | 3                                        | 28     |
| 2013                           | 16           | 6          | 4                                        | 26     |
| 2014                           | 23           | 11         | 2                                        | 36     |
| 2015                           | 36           | 10         | 5                                        | 51     |
| 2016                           | 16           | 13         | 6                                        | 35     |
| 2017                           | 30           | 18         | 3                                        | 51     |

## COIGISTIÚ AGUS FORGHÉILLEADH SÓCMHAINNÍ COIRIÚLA

Tá sé cruthaithe gur bealach éifeachtach atá ag lucht an Ionchúisimh chun laghdú a dhéanamh ar an bhfáltas ó bheartaíocht choiriúil is ea a gcuid sócmhainní a bhaint de choirpigh ciontaithe faoi mar a bhforáiltear san Acht um Cheartas Coiriúil 1994. Soláthraíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí comhairle agus tacaíocht do chleachtóirí ionchúisimh i ndáil le hiarratais ar choigistiú agus ar fhorghéilleadh. Glacann an Oifig páirt i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí eile nuair a bhíonn athbhreithniú á dhéanamh ar na nósanna imeachta agus na struchtúir maidir le hurghabháil sócmhainní coiriúla sa Stát.

Maidir leis na comhaid urghabhála sócmhainní a fuarthas san Oifig faoin Acht um Cheartas Coiriúil 1994, bhain siad le nithe amhail cásanna i ndáil le horduithe forghéillte, cásanna i ndáil le horduithe coigistithe agus cásanna i ndáil le hiarratais ar orduithe calctha. Leagtar amach i gcairt 2.3.3 líon iomlán na gcásanna a osclaíodh i rith na bliana 2017.

### CAIRT 2.3.3: Comhaid chogaistithe Sócmhainní a Osclaíodh in 2017

| Comhaid Chogaistithe Sócmhainní a Osclaíodh in 2017                     |           |
|-------------------------------------------------------------------------|-----------|
| Iarratais faoi Alt 39 (Aturnaetha na gCoimisinéirí Ioncaim agus Gardaí) | 43        |
| Iarratais faoi Alt 61                                                   | 1         |
| Iarratais faoi Alt 4 agus Alt 9                                         | 5         |
| Iarratais faoi Alt 24                                                   | 3         |
| <b>IOMLÁN</b>                                                           | <b>52</b> |

**Orduithe Forghéillte faoi Alt 39:** Faoi alt 39 an Achta is féidir le Breitheamh sa Chúirt Chuarda a ordú go bhforghéilltear aon airgead tirim a rinneadh a urghabháil faoi alt 38\* an Achta sa chás go bhfuiltear sásta gur airgead tirim sin is fáltas go díreach nó go hindíreach ó choireacht nó atá beartaithe a úsáid ag duine ar bith i ndáil le gáinneáil drugaí.

\* Faoi alt 38 an Achta, tugtar údarás le hairgead tirim a urghabháil sa chás go bhfuil cúis réasúnach ag duine den Gharda Síochána nó ag oifigeach Custaim agus Máil bheith in amhras gur fáltas dhuine ar bith ó iompar coireachta an t-airgead tirim (airgead san áireamh a dtagtar air le linn cuardaigh). Ní féidir an t-airgead tirim a dhéanann Garda nó oifigeach Custaim agus Máil a urghabháil a choimeád ar feadh tréimhse is faide ná 48 uair a chloig mura dtugann Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche údarás leis an airgead a choinneáil ar feadh tamall níos faide. Is féidir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt leanacht den airgead tirim a choinneáil ar feadh tréimhsí suas le dhá bhliain.

**Orduithe Forghéillte faoi Alt 61:** Ceadaítear faoi alt 61 an Achta forghéilleadh sa Chúirt Dúiche nó sa Chúirt Chuarda ar aon mhaoín a úsáidtear chun cion a dhéanamh, nó an bealach a réiteach do chion a dhéanamh. Is féidir é seo a dhéanamh i ndáil le réimse leathan cineálacha éagsúla sócmhainní, mar shampla carranna a úsáidtear chun coirpigh a thabhairt go láthair na coire agus ón láthair arís, chomh maith le hairgead agus fearas coire, mar shampla trealamh chun drugaí a ullmhú a dtagtar air ar láthair coire nó ina ghaobhar.

**Orduithe Coigistithe faoi Alt 4:** Faoi fhorálacha alt 4 an Achta ón uair a chiontaítear duine ar díotáil i gcion gáinneála drugaí agus a ngearttar pianbhreith air, ní mór do Chúirt na trialach breith a thabhairt cibé an raibh gnóthachtáil ag an duine ciontaithe ón gcion, oiread na gnóthachtála sin agus an tsuim maidir le hOrdú Coigistithe is inréadaithe a urscaoileadh. Féadfaidh an Chúirt Ordú Coigistíochta a dhéanamh ansin don fhigiúr sin.

**Orduithe Coigistithe faoi Alt 9:** Ceadáítear faoi alt 9 an Achta an ghnóthachtáil atá bainte ag Cúisí as cion indíotáilte ar bith seachas cionta maidir le gáinneáil drugaí a choigistiú ar chiontú an té sin. Is féidir leis an gCúirt Chuarda fiosrúchán a dhéanamh maidir leis an ngnóthachtáil a bhí as ag an té sin tar éis pianbhreith a ghearradh air. Ní mór do lucht an ionchúisimh a chruthú go mbaineann an ghnóthachtáil go díreach leis an gcion ina gcúisítear an cúisí.

**Orduithe Calctha faoi Alt 24:** Foráiltear faoi alt 24 an Achta don DPP iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar ordú calctha sa chás go gcúisítear duine, nó go bhfuil socraithe go gcúiseofar duine, i gcion indíotála. Is féidir gach maoin a shonraítear a bheith faoi úinéireacht an té a chúisítear in Éirinn nó thar lear a thabhairt i gceist le hordú calctha. Tá orduithe calctha ceaptha scaipeadh ar shócmhainní a chosc sula ndéantar fiosrúchán faoi choigistiú i gCúirt na Trialach sa chás go gciontaítear ar díotáil an cúisí sa chion a bhaineann leis an gcúis.

Leagtar amach mionsonraí maidir le hOrduithe Coigistithe agus le hOrduithe Forghéillte a rinne na cúirteanna i rith na bliana 2017, ar bhain luach iomlán €988,297.03 leo, i gcairt 2.3.3a thíos.

#### CAIRT 2.3.3a: Comhaid Chogaistithe Sóchmhainní a Osclaíodh

| Orduithe                                                                    | Líon      | Suim               |
|-----------------------------------------------------------------------------|-----------|--------------------|
| Alt 61 Orduithe Forghéillte                                                 | 9         | €117,834.75        |
| Alt 39 Orduithe Forghéillte (Gardaí)                                        | 2         | €44,070.00         |
| Alt 39 Orduithe Forghéillte (Iarratais Aturnaetha na gCoimisinéirí Ioncaim) | 28        | €753,192.28        |
| Alt 4 Orduithe Coigistithe                                                  | 2         | €73,200.00         |
| <b>IOMLÁN</b>                                                               | <b>41</b> | <b>€988,297.03</b> |

## BARRÁNTAS GABHÁLA EORPACH

Tháinig an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2004. Tugtar de shainmhíniú ar an mBarántas Gabhála Eorpach (EAW) in Alt 2 den Acht gur cinneadh Cúirte é i mballstát amháin de chuid an AE atá dírithe ar Chúirt i mballstát eile de chuid an AE chun críche “ionchúiseamh coiriúil a sheoladh nó pianbhreith choinneála a chur i bhfeidhm sa bhallstát eisiúna”.

Cuireann aonad eiseachadta an Gharda Síochána iarratais maidir le barántas EAW a ullmhú faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. De ghnáth, déanann Aturnae de chuid na hOifige iarratas ar bharántas EAW le Breitheamh de chuid na hArd-Chúirte ina suí i mBaile Átha Cliath agus ar a eisiúint don Ard-Chúirt, seoltar an barántas EAW chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí lena chur ar aghaidh chun na tíre ina meastar cónaí ar an duine atá á iarraidh. Le halt 33 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 foráiltear gur féidir le Cúirt Barántas Gabhála Eorpach a eisiúint más rud é go bhféadfadh sé tarlú go ndlífeadh an duine a iarrtar, má chiontaítear é/í sa chion (arb é is ábhar don Bharántas Gabhála Eorpach) téarma príosúnachta 12 mhí nó níos mó a chur isteach. Mar mhalairt air sin, i gcás an duine a bheith ciontaithe i gcion, is féidir Barántas Gabhála Eorpach a eisiúint i leith an chiona sin, más gá don duine iarrtha téarma príosúnachta 4 mhí ar a laghad a chur isteach mar phianbhreith. Tá réimse leathan cionta tromchúiseacha i gceist leo sin ar iarradh barántas EAW ina leith, ina measc dúnmharú, cionta gnéis, cionta i ndáil le drugaí, gadaíocht agus ionsaithe tromchúiseacha.

Leagtar amach i gCairt 2.3.4 thíos líon na mBarántas Gabhála Eorpach ar déileáladh leo i rith na mblianta 2015, 2016 agus 2017. Ba chóir a thabhairt ar aird nach gá gur i rith na bliana céanna a dtagann comhad faoi bhráid a tharlódh eisiúint an bharántais EAW agus géilleadh an duine. Áirítear leis na comhaid a fuarthas comhad a bhfuiltear ag feitheamh ar iarratas ina leith, nó nach ndearnadh aon iarratas ar bharántas EAW ina leith, nó ar tarraingíodh siar an barántas EAW ina leith mar gheall gur threoraigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí amhlaidh, ar gabhadh an duine a bhí á iarraidh in Éirinn, nó ar tharla bás an duine a bhí á iarraidh nó bás an ghearánaí.

### CAIRT 2.3.4: Barrántas Gabhála Eorpach

| Bliain | Comhaid EAW a Fuarthas ó na Gardaí | EAWanna a Eisíodh | Daoine a Tugadh Suas |
|--------|------------------------------------|-------------------|----------------------|
| 2015   | 106                                | 68                | 22                   |
| 2016   | 66                                 | 70                | 34                   |
| 2017   | 62                                 | 60                | 30                   |

## 2.4 IARRATAÍ AR EISEACHADADH

Déanann Aonad Eisceachadta an Gharda Síochána iarrataí ar ullmhú/eisiúint larrataí Eisceachadta (eisceachadadh a lorg i gcás daoine nach bhfuil i láthair i mballstáit a thagann faoi réim an Ballstáit an AE) a chur faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Nuair atá na hlarrataí Eisceachadta sin réidh, eisítear iad trí na hiarrataí a chur ar aghaidh chuig Lár-Údarás na hÉireann, is é sin le rá, an Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais. Ina dhiaidh sin, déanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na hlarrataí Eisceachadta sin a tharchur trí bhealaí taidhleoireachta.

Faoi láthair, tá Conarthaí Eisceachadta déthaobhacha ag Éirinn le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus leis an Astráil. De bheis air sin, tá an Coinbhinsiún Eorpach um Eisceachadadh (Páras 1957) daingnithe ag Éirinn.

Sa bhliain 2017, fuair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 7 chomhad ón nGarda Síochána á lorg go ndéanfaí larrataí Eisceachadta a ullmhú agus a eisiúint.

Eisíodh seacht larratas Eisceachadta i 2017, agus cuireadh dhá cheann acu chuig an Afraic Theas, trí go hAstráile, ceann amháin le Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ceann amháin le hIosrael.

### CAIRT 2.4.1: larrataí ar Eisceachadadh sa Bhliain 2017

| Iarraidh Tíre Tarchurtha chuig | An Líon larrataí ar Eisceachadadh a Eisíodh |
|--------------------------------|---------------------------------------------|
| An Afraic Theas                | 2                                           |
| Astráil                        | 3                                           |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá      | 1                                           |
| Iosrael                        | 1                                           |
| <b>IOMLÁN</b>                  | <b>7</b>                                    |

# 2.5 CÚNAMH DLÍ FRITHPHÁIRTEACH

Faoi fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008, féadfaidh Éire cúnamh dlí frithpháirteach do thíortha eile, agus cúnamh frithpháirteach a iarraidh orthu, maidir le himscrúduithe coiriúla nó imeachtaí coiriúla. An tÚdarás Lárnach do Chúnamh Frithpháirteach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas a dhéileálann le gach iarratas den sórt sin.

Cuireann an tÚdarás Lárnach iarratais ar chúnamh frithpháirteach chuig tíortha eile ar aghaidh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le measúnú agus comhairle dlí a fháil orthu, sula gcuirtear ar aghaidh chuig na tíortha eile iad.

Tugtar imlíne i gCairt 2.5.1 ar an líon iomlán iarratas ag dul as oifig ar chúnamh dlí frithpháirteach ar dhéileáil an Oifig seo leo.

## CAIRT 2.5.1: Iarratais ar Chúnamh Dlí Frithpháirteach

|                   | 2017 | 2016 | 2015 |
|-------------------|------|------|------|
| Líon na nIarratas | 526  | 395  | 268  |

## CAIRT 2.5.2: Tíortha lenar cuireadh iarratais ar Chúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach in 2017

| Tír                                                    | Líon na n-Iarratas ag dul as Oifig |
|--------------------------------------------------------|------------------------------------|
| Bhallstáit an AE (gan an Ríocht Aontaithe san áireamh) | 133                                |
| An Ríocht Aontaithe                                    | 135                                |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá                              | 203                                |
| Astráil                                                | 4                                  |
| An Bhrasáil                                            | 3                                  |
| Ceanada                                                | 14                                 |
| An tSín                                                | 6                                  |
| An Eilvéis                                             | 5                                  |
| Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha                       | 3                                  |
| Eile                                                   | 20                                 |
| <b>IOMLÁN</b>                                          | <b>526</b>                         |



# CUID 3:

## CORA NUA I gCÚRSAÍ DLÍ

---

# 3.1 CORA NUA I gCÚRSAÍ DLÍ 2017

## RÉAMHRÁ

- 3.1.1** Tá breac-chuntas gairid sa chaibidil seo ar chuid de na cinntí cúirte le linn na bliana seo caite atá tábhachtach nó suimiúil nó a bhfuil luach fasach ag baint leo maidir le hobair ionchúisimh. Níl spás againn chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcásdlí go léir ó 2017, ach ba cheart go dtabharfadh na cásanna a luaitear barúil don léitheoir ar chuid de na saincheistanna a eascraíonn ó am go chéile nuair a bhíonn cionta á n-ionchúiseamh.

## ROCHTAIN AR ATURNAE (Achomharc in aghaidh Ciontaithe)

*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Doyle [2017] IESC 1 (an Chúirt Uachtarach, Charleton J, 18 Eanáir 2017)*

- 3.1.2** Bhí an t-achomharcóir curtha faoi agallamh ag na Gardaí maidir le dúnmharú. Tugadh rochtain dó ar a aturnae le linn a choinneála. Rinne sé admhálacha áirithe le linn agallaimh amháin, tar éis dó labhairt lena aturnae roimhe agus freisin lena linn. Ciontaíodh é i ndúnmharú ina dhiaidh sin. Agus é ag déanamh achomhairc in aghaidh a chiontaithe rinne sé agóid in aghaidh inghlacthacht an agallaimh sin. Chinn an Chúirt Uachtarach faoi na hadmhálacha a rinneadh gan a aturnae a bheith i láthair sa seomra agallaimh go raibh siad inghlactha. Rialaigh an Chúirt go raibh daoine a bhfuil amhras fúthu i dteideal rochtain réasúnach a bheith acu ar chomhairle dhlíthiúil ach ní go mbeadh aturnae i láthair le linn agallamh an Gharda Síochána. Ó rinneadh cinneadh *Gormley* roimhe sin (*Daoine (DPP) v. Gormley, Daoine (DPP) v. White* [2014] IESC 17),

forbraíodh cleachtais chun go bhféadfaidh aturnae duine a bhfuil amhras faoi a bheith ann le linn agallaimh.

## BANNAÍ (Habeas Corpus)

*CMcD v. Éire [2017] IECA 81 (CA, Birmingham J, 31 Eanáir 2017)*

- 3.1.3** Níor éirigh le dúshlán an iarratasóra maidir le bunreachtúlacht alt 2 agus alt 2A den Acht um Bannaí 1997. D'áitigh sé go bhféadfadh cuid de na critéir atá in alt 2 a d'fhéadfadh Cúirt a chur san áireamh agus iad ag breithniú bannaí a bheith míbhunreachtúil mar gur sháraigh siad an toimhde neamhchiontachta a bhain leis. D'áitigh sé freisin go raibh alt 2A míbhunreachtúil toisc go ndearna sé an éisteacht ar bhannaí éagórach agus gur sháraigh sé an prionsabal audi alterem partem. Chinn an Chúirt Achomhairc nach raibh dúshlán an iarratasóra maidir le bunreachtúlacht ailt 2 agus 2A déanta amach. Níor diúltaíodh bannaí dó ar fhianaise chreideamh an Phríomh-Cheannfoirt amháin.

## TIOMÁINT MHÍCHÚRAMACH A BA CHÚIS BHÁIS

(Achomhairc an DPP chuig an gCúirt Uachtarach)

*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Michael O'Shea [2017] IESC 41, (an Chúirt Uachtarach, O'Malley J, 15 Meitheamh 2017)*

- 3.1.4** Sa chás seo, chinn an Chúirt Uachtarach nach bhfuil sé riachtanach mens rea a chruthú i gcúiseamh maidir le tiomáint mhíchúramach a ba chúis bháis nó díobháil thromchúiseach

choirp. Is é croí an chiona ná easpa cúraim agus aire a thabharfadh tiománaí réasúnach stuama nuair a bheadh sé ag tiomáint in áit phoiblí, ag féachaint do na himthosca mar a bhíonn siad ag an am. Chinn an Chúirt Uachtarach freisin nár chruthaigh alt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 arna leasú le hAcht 2011 leagan nua de thiomáint mhíchúramach. Ní cion nua é tiomáint mhíchúramach is cúis le bás nó le díobháil thromchúiseach choirp. Is cion amháin é a bhfuil modhanna éagsúla trialach agus pionóis éagsúla ag baint leis ag brath ar iarmhairtí na tiomána.

## AN TACHT LEANAÍ 2001 (Cás Sonraithe)

*Clodagh Forde v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2017] IEHC (An Ard-Chúirt, Faherty J, 20 Deireadh Fómhair 2017)*

- 3.1.5** I gcás comhairliúcháin a shonraigh Breitheamh na Cúirte Dúiche John O'Connor, chinn an Ard-Chúirt nach mór an tagairt do "leanbh a chúisítear" in alt 75 (1) d'Acht na Leanaí 2001 a fhorléiriú mar dhuine a bhí ina "leanbh" tráth a chiontaithe nó a ciontaithe agus ag tráth na héisteachta faoi alt 75(1). Ghlac an Chúirt leis gurbh é nós na Cúirte Leanaí tairbhe alt 75(1) a thabhairt do dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois má bhí siad faoi bhun 18 mbliana d'aois ag an am ar cúisíodh iad, ach nár éiligh Acht 2001 go mbeadh an cas amhlaidh.

## AN TACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (ORD POIBLÍ) 1994 (Cás Sonraithe)

*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. James Kelly agus Daoine Eile [2017] IEHC 125 (An Ard-Chúirt, Eager J, 6 Márta 2017)*

- 3.1.6** Cuireadh cionta de bhun ailt 8, 9 agus 24 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994 i leith na gcosantóirí. Dhíbh Breitheamh na Cúirte Dúiche an cúiseamh de bhun alt 8 toisc gur rialaigh sí go raibh sé de cheangal ar an sairsint a bhí i mbun an ionchúisimh

a chreidiúint go raibh na cosantóirí ag cur bac go toiliúil ar thrácht gan dlí, údarás nó leithscéal réasúnach contrártha d'alt 9, d'fhonn ordachán a thabhairt faoi alt 8. Chinn an Ard-Chúirt go mba thuairim réasúnach a bhí ag an sairsint a bhí i mbun an ionchúisimh nuair a cheap sé go raibh cion in aghaidh oird phoiblí déanta ag na cosantóirí. Thug sé rabhadh do na cosantóirí trí huaire an t-ordachán a eisíodh faoi alt 8 a chomhlíonadh.

## NÓS IMEACHTA NA CÚIRTE DÚICHE (Athbhreithniú Breithiúnach)

*Wendy Gifford v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí IEHC 423 (An Ard-Chúirt, Ní Raifeartaigh J, 26 Bealtaine 2017)*

- 3.1.7** Bhí goid curtha i leith an iarratasóra. Sula ndearnadh pléadáil, d'iarr Breitheamh na Cúirte Dúiche (nuair a bhí cúrsaí dlínse á mbreithniú aige) go gcuirfí san áireamh na coireanna ar ciontaíodh an t-iarratasóir astu roimhe sin agus dhiúltaigh sé dlínse ansin. Cuireadh an t-ordú sin ar neamhní. Reáchtáil an Ard-Chúirt, de bharr toimhde neamhchiontachta, nach bhféadfadh an Chúirt Dúiche fianaise a chloisteáil maidir le ciontuithe roimhe sin agus cinneadh á dhéanamh maidir le hionad/dlínse.

*Taylor v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2017] IEHC 729 (An Ard-Chúirt, Meenan J, 10 Samhain 2017)*

- 3.1.8** Cúisíodh an t-iarratasóir as ionsaí faoi alt 3. Bhí an cas á ionchúiseamh ag an nGarda de bhun alt 8 d'Acht an Gharda Síochána 2005. Chuala Breitheamh na Cúirte Dúiche breac-chuntas ar fhíricí an cháis, léigh sé tuairisc leighis agus ansin ghlac sé le dlínse i leith an cháis. Phléadáil an t-iarratasóir ciontach agus cuireadh siar faoi bhannaí é (nó i) chun go bhféadfaí tuarascáil phromhaidh a sholáthar. Ar dháta na pianbhreithe, léigh an Breitheamh ráiteas tionchair an íospartaigh agus dhiúltaigh sé dlínse. Rinne an t-iarratasóir iarracht an t-ordú seo chur ar ceal. Chuir an Ard-Chúirt a ordú ar neamhní nuair a rialaigh sí nach raibh an Breitheamh

i dteideal a chinneadh a athrú chun déileáil leis an gcás go hachomair, tar éis pléadáil chiontach a bheith déanta. Cuireadh an cas ar ais chuig an gCúirt Dúiche le haghaidh pianbhreithe. Ba í an phríomhcheist sa chás ná gur phléadáil an t-iarratasóir ciontach. Lean an Chúirt cinneadh na Cúirte Uachtaraí sa chinneadh *Ciaran Feeeney v. Breitheamh na Cúirte Dúiche John Clifford* [1989] I.R. 668.

## FIANAISE

### (Alt 34 Achomharc Gan Dochar)

*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. DJ* [2017] IECA 181 (CA, Birmingham J, 15 Meitheamh 2017)

- 3.1.9** Sa chás seo, cúisíodh an freagróir as scór amháin d'ionsaí gnéasach. D'eisiaigh breitheamh na trialach sa Chúirt Chuarda fianaise a raibh sé de chosúlacht uaithi go ndearnadh cionta nár cúisíodh an cosantóir go sonrach ina leith sa díotáil, d'ainneoin gurb ionsaí gnéasach ab ea gach ceann de na cionta líomhnaithe agus gur tharla siad ag am an chionta a raibh sé cúisithe ina leith sa díotáil. Thaisc an Stiúrthóir achomharc alt 34. Chinn an Chúirt Achomhairc go raibh an fhianaise ábhartha agus go bhféadfaí glacadh léi *prima facie* agus nach bhféadfaí í a eisiamh ach amháin i gcás go sárófaí ceann de na rialacha fianaise dá ndéanfaí í a chur san áireamh. Chinn an Chúirt nár cheart an gearánach a chosc ó thaobh cuntas iomlán a thabhairt faoin ionsaí gnéasach.

## AN GHAEILGE

### (Cás Sonraithe)

*Pádraig Ó Ciardha* [2017] *ex tempore* (An Ard-Chúirt, O'Regan J, 20 Deireadh Fómhair 2017)

- 3.1.10** Rialaigh an Ard-Chúirt maidir le cion a ionchúiseamh a líomhnaíodh a bheith déanta i gceantar Gaeltachta, go bhfuil lucht an ionchúisimh i dteideal dul ar aghaidh de bhun toghairme a eisíodh ag baint úsáide as leagan Béarla d'ainm na háite. Ceadáítear de bhun Alt 33 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 gur féidir an leagan Gaeilge

nó an leagan Béarla d'ainm áite a úsáid i ndoiciméid dhlíthiúla. Is "doiciméad dlíthiúil" í toghairm.

## ÉISTEACHT NEWTON

### (Achomharc in aghaidh Pianbhreithe)

*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. O'Driscoll* [2017] IECA 91 (CA, Sheehan J, 20 Márta 2017)

- 3.1.11** Laghdaigh an Chúirt Achomhairc pianbhreith 12 bliain a gearradh ar an achomharcóir maidir le cúig scór ó thaobh damáiste coiriúil a dhéanamh do ghluaisistéin an Gharda, tiomáint chontúirteach agus scór amháin maidir le Garda a chur i gcontúirt nuair a leag sé óna ghluaisrothar é. D'admhaigh an t-achomharcóir sa chás seo na cionta ach i ndáil leis an gcúiseamh maidir le cur i mbaol d'easaontaigh sé gur thiomáin sé d'aon ghnó i dtreo an Gharda. Chinn an Chúirt Achomhairc go raibh botún dlí déanta ag an mbreitheamh a ghearr an phianbhreith air toisc gur theip air éisteacht de chineál *Newton* a réachtáil i gcúinsí ina raibh díospóid shuntasach idir na páirtithe. Tagraíonn éisteacht *Newton* do chás i Sasana ar a dtugtar *R v. Newton* [1993] Crim Lr 198, ina gcuireann an t-ionchúiseamh agus an lucht cosanta fhianaise chontrártha ar fáil, inar féidir le breitheamh ina shuí ina aonar (gan giúiré) cinneadh a dhéanamh faoi na fíricí. Ó tharla nach raibh éisteacht de chineál *Newton* déanta sa chás seo, ní raibh sé soiléir don Chúirt Achomhairc gur gearradh pianbhreith ar an achomharcóir maidir le Garda a chur i gcontúirt d'aon ghnó nó de bharr é a cur i gcontúirt go meargánta.

## CEART TOSTA

### (Gníomhaíocht Iomlánach)

*Michael Sweeney v. Éire, an tArd-Aighne agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2017] 702 (An Ard-Chúirt, Baker J, 23 Samhain 2017)

- 3.1.12** Chinn an Ard-Chúirt go raibh an cion a chruthaíodh faoi alt 9(1)(b) den Acht um Chionta in Aghaidh an Stáit (Leasú) 1998

(faisnéis a choinneáil siar) míbhunreachtúil mar go sáraíonn sé an ceart tosta agus go raibh sé doiléir agus neamhchinnte. Thug an Chúirt faoi deara go gcuirfí in iúl don ghearánaí nuair a bhí sé á chur faoi agallamh go raibh sé de cheart aige fanacht ina thost. Mar sin féin, ní raibh foráil sa reachtaíocht go gcuirfí in iúl dó freisin gur cion faoi alt 9(1)(b) a bheadh ann gan freagra a thabhairt ar na ceisteanna.

## AN DLÍ UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (Cás Sonraithe)

*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Avendenei* [2017] IESC 77 (an Chúirt Uachtarach, O'Malley J, 20 Nollaig 2017)

- 3.1.13** Sheas an Chúirt Uachtarach le rialú na Cúirte Achomhairc a chinn murar comhlánaíodh teastas a tháirgeadh de bhun alt 13 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 i nGaeilge agus i mBéarla seachas i mBéarla amháin nár fhág sé sin an t-ábhar míthreorach ná mícheart. Rialaigh an Chúirt go raibh an teastas inghlactha mar fhianaise in ionchúiseamh maidir le tiomáint faoi thionchar an óil agus dúirt:

“má chruthaítear go bhfuil sárú ar an nós imeachta reachtúil déanta, ach murar féidir a thabhairt le fios go bhfuil éagothroime, dochar nó díobháil i gceist, sa chás sin thabharfadh na caighdeáin is infheidhme maidir le trialacha coiriúla le fios go bhfuil an fhianaise inghlactha”.

Dúirt an Chúirt sin “athraíodh díospóidí faoi inghlacacht fianaise de thoradh bhreithiúnais na Cúirte sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v JC*”.

*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Higgins* [2017] IECA 55 (CA, Edwards J, 2 Márta 2017)

- 3.1.14** Gabhadh an cúisí as a bheith ar meisce i gceannas ar fheithicil inneallghluaiste nuair a fuarthas é ina chodladh ina charr. Níor thug an Garda ionchúisimh fianaise

go raibh sé de thuairim aige go raibh sé ar intinn ag an gcúisí an fheithicil a thiomáint. Ar bhunús na hadmhála a rinne an cúisí don Gharda gur tharraing sé ar leataobh chun scíth a bheith aige, ghlac Cúirt Achomhairc leis gur thug sé sin le fios go leanfadh sé ar aghaidh ag tiomáint nuair a bheadh a scíth ligthe aige agus dá bhrí sin go raibh fianaise go leor ann le go bhféadfaí é a ghabháil maidir le bheith i gceannas ar fheithicil inneallghluaiste agus é faoi thionchar an óil.

*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Opach* [2017] IECA 305 (CA, Edwards J, 27 Samhain 2017)

- 3.1.15** Rialaigh an Chúirt Achomhairc gur ciontaíodh an t-iarratasóir i gceart ó thaobh gan aon árachas a bheith aige in imthosca inarb eisean úinéir na feithicle a bhí á úsáid ag a mhac is gan aon árachas bailí aige. Bhí a mhac ina tiománaí ainmnithe ar pholasaí árachais an iarratasóra ach bhí sé ag tiomáint a fheithicle agus ceadúnas tiomána brionnaithe ina sheilbh aige. Aighneacht aincheaptha a bhí ann a mhaíomh go raibh an conradh árachais inchurtha ar neamhní seachas a bheith ar neamhní. Caithfidh polasaí árachais faofa úsáid na feithicle sin ag an tiománaí ar an ócáid i gceist a chlúdach.

*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Laing* [2017] IEHC 3 (An Ard-Chúirt, Eager J, 13 Eanáir 2017)

- 3.1.16** Gabhadh an cúisí de bharr tiomáint faoi thionchar an óil agus cuireadh i gciill é go dtí go dtiocfadh an dochtúir. Tháinig an dochtúir thart ar 35 nóiméad ina dhiaidh sin. Chinn an Ard-Chúirt go raibh coinneáil an chúisí sa chill dleathach. Ní raibh ach ball amháin i gceannas ar an stáisiún a bhí freagrach as príosúnaigh agus ní raibh sé d'acmhainn aige suí i gceantar oscailte ag breathnú ar an gcúisí. Dearbhaíodh cinneadh na hArd-Chúirte ar achomharc. D'éisigh Birmingham J, breithiúnas na Cúirte Achomhairc ar an 27 Iúil 2017.

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Slattery [2017] IEHC 442 (An Ard-Chúirt, Binchy J, 4 Iúil 2017)***

- 3.1.17** Chinn an Ard-Chúirt nach raibh aon oibleagáid ar Gharda ionchúisimh sula ndearna sé tástáil anála ar thaobh an bhóthair faoi alt 10 de na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961-2010 faire ar an gcúisí ar feadh 20 nóiméad lena chinntiú nár chaith sé aon rud de bhéal. Ní gá don Gharda a iarraidh ar an gcúisí ach oiread an raibh aon rud le hól aige i gcaitheamh na 20 nóiméad roimhe sin.

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. McTigue [2017] IEHC 628 (An Ard-Chúirt, Faherty J, 6 Deireadh Fómhair 2017)***

- 3.1.18** Chinn an Ard-Chúirt maidir leis an mhífhaisnéis a thug an Garda don chúisí faoin tréimhse chruinn dícháilithe a ghearrfaí air mar gheall ar mhainneachtain nó diúltú sampla fola nó fuail a chur ar fáil nach ndearna an mhífhaisnéis sin a chiontú faoi thiomáint faoi thionchar an óil a dhéanamh neamhbhailí. Thug an Garda foláireamh don chúisí faoi na hiarmhairtí pionóis a bheadh ann mura gcomhlíonadh sé an t-éileamh ar shampla, ach bhí earráid bheag ann nuair a luadh an tréimhse dícháilithe iarbhir a bheadh i gceist. Chinn an Chúirt nach raibh aon oibleagáid ar an nGarda rabhadh a thabhairt don chúisí faoi aon dícháiliú a ghearrfaí air dá ndéanfaí é a chiontú.

## **ROBÁIL AGUS FÍORAISC COMHROGHNACHA**

(Achomharc faoi Chiontú)

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Fitzgerald agus O'Driscoll [2017] IECA 224 (CA, Edwards J, 28 Iúil 2017)***

- 3.1.19** D'achomharc na hachomharcóirí a gciontuithe as ionsaí agus freisin as robáil contrártha d'alt 14 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001. Seasadh lena gciontuithe as ionsaí. Cuireadh a gciontuithe as

robáil ar neamhní, áfach. Chinn an Chúirt Achomhairc go ndearna breitheamh na trialach earráid dlí nuair a rialaigh sé nach raibh feidhm ag an bhforáil maidir le fíorasc malartach atá in alt 55 d'Acht 2001 ach amháin i gcúisí inar thug an Chúirt treoir don ngiúiré chun na hachomharcóirí a fháil neamhchiontach i robáil. Chinn an Chúirt Achomhairc go raibh sé seo mícheart mar go bhféadfadh na cionta faoi ailt 17 agus 18 a bheith ina gcionta dlisteanacha comhroghnacha le haghaidh i gcás cúiseamh gadaíochta nó robála. Thug an Chúirt faoi deara nár cuireadh cionta alt 17 nó alt 18 i leith ceachtar achomharcóir ach gur cuireadh cion robála alt 14 ina leith, cion a bhfuil goid ina chuid di.

## **ROBÁIL AGUS FÍORAISC COMHROGHNACHA**

(Cás Sonraithe)

***An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. AS [2017] IECA 220 (CA, Edwards J, 28 Samhain 2017)***

- 3.1.20** Dhearbhaigh an Chúirt Achomhairc nach raibh feidhm ag an gcumhacht chun pianbhreitheanna a chur ar fionraí de bhun alt 99 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006 ach amháin i gcás pianbhreitheanna príosúnachta agus nach bhféadfaí é sin a leathnú chun pianbhreitheanna coinneála i lárionad coinneála leanaí a chlúdach. Dá réir sin, níor chuir alt 99 an chumhacht ar fáil chun pianbhreith choinneála a chur ar fionraí.

## **GEARRADH PIANBHREITHE**

(Athbhreithniú Breithiúnach)

***Mervin White v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2017] IECA (CA, Hedigan J, 15 Meitheamh 2017)***

- 3.1.21** Sheas an Chúirt Achomhairc le cinneadh na hArd-Chúirte nuair a chinn sí go bhféadfadh an Chúirt Dúiche téarma príosúnachta a ghearradh ar an iarratasóir nuair a bhí sé as láthair, toisc gur phléadáil sé ciontach cheana féin sna cúisimh agus gur theip

air freastal ar éisteachtaí pianbhreithe ar dhátaí éagsúla agus go raibh sé ar an eolas faoi dhátaí na cúirte. Rinne Breitheamh na Cúirte Dúiche gach rud a d'fhéadfadh sí lena chinntiú go mbeadh sé i láthair. Chinn an t-iarratasóir go comhfhiósach go mbeadh sé as láthair ón gcúirt.

áfach, go raibh cion i ndlí coiteann na hÉireann maidir le gníomh míghéanach a dhéanamh go poiblí, agus nach raibh an cion deireanach seo doiléir agus go raibh sé ag luí leis an mBunreacht.

## GEARRADH PIANBHREITHE

(Achomharc in aghaidh

Trócaire Mhíchúí)

*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Marek Krol* [2017] IECA 205 (CA, Birmingham J, 22 Meitheamh 2017)

- 3.1.22** Cheadaigh an Chúirt Achomhairc achomharc an Stiúrthóra agus d'ionadaigh sí pianbhreith choimeádta i gcás inar tugadh pléadáil chiontach i leith ionsaí gnéasach nuair a bhí an t-íospartach gan aithne gan urlabhra agus an cion á dhéanamh. Mhaígh an Chúirt Achomhairc:

“Ní mór pianbhreith choinneála a ghearradh i gcás ionsaí ionrach gnéis a dhéantar ar dhuine gan aithne nach bhfuil in ann cur in aghaidh an ionsaithe, ach amháin i gcásanna atá an-eisceachtúil ar fad”.

Ghearr an chúirt trialach pianbhreith fhionraithe dhá bhliain príosúnachta ar an bhfreagróir. Ina áit sin ghearr an Chúirt Achomhairc dhá bhliain phríosúnachta agus chuir na seacht mí go leith ar fionraí.

## CIONTA GNÉASACHA

(Athbhreithniú Breithiúnach)

*David Douglas v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus Daoine Eile* [2017] IEHC 248 (An Ard-Chúirt, McDermott J, 7 Aibreán 2017)

- 3.1.23** D'fhorbair cúirteanna Shasana cion faoin dlí coiteann sa 20ú hAois, anfhorlann ar chuibheas poiblí, agus ba é sin an cion a cuireadh i leith an chúisí ach chinn an Ard-Chúirt nach raibh a leithéid de chion i ndlí na hÉireann. Chinn an Chúirt,



# 3.2 ÍOSPARTAIGH COIREACHTA

**3.2.1** Ar an 16 Samhain 2015, tugadh feidhm do Threoir an AE 2012/29. Bunaítear íoschaighdeáin chearta, tacaíochta agus cosanta d'íospartaigh na coireachta de bhun na Treorach.

**3.2.2** Trasúidh Treoir an AE i ndlí na hÉireann nuair a achtaíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017 ar an 27 Samhain 2017.

**3.2.3** Tá cearta sonracha ag na hÍospartaigh faoin Acht anois maidir le faisnéis a fháil. Tá cearta acu freisin ó thaobh nósanna imeachta le linn imeachtaí cúirte. Sainmhínítear íospartach san Acht mar dhuine a d'fhulaing díobháil, lena n-áirítear díobháil choirp nó meabhrach, nó mothúchánach nó caillteanas eacnamaíoch go díreach de bharr chiona choiriúil, nó ball teaghlaigh dhuine a maraíodh go díreach de bharr chiona choiriúil agus a d'fhulaing díobháil mar thoradh ar bhás an duine sin.

**3.2.4** Sular tugadh éifeacht don Treoir um Íospartaigh, bhí sé de nós ag an Oifig seo, ó mhí Dheireadh Fómhair 2008 i leith, fáthanna a thabhairt do theaghlaigh na n-íospartach i gcásanna marfacha amháin faoi chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh.

| Iarrataí i gcomhair Cúiseanna i gCásanna Marfacha |           |
|---------------------------------------------------|-----------|
| Deireadh Fómhair 2008 go Samhain 2015             |           |
| Deonaíodh                                         | 92        |
| Diúltaíodh                                        | 4         |
| Tarraingthe Siar                                  | 1         |
| As Feitheamh                                      | 0         |
| <b>IOMLÁN</b>                                     | <b>97</b> |

**3.2.5** Ó tugadh éifeacht don Treoir um Íospartaigh agus don Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017 ina dhiaidh sin, tá sé de

cheart ag íospartaigh achoimre a fháil ar an gcúis atá leis an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh sna cásanna go léir ina ndearnadh cinneadh ar nó i ndiaidh an 16 de mhí na Samhna 2015, faoi réir roinnt eisceachtaí teoranta. Féadann íospartach athbhreithniú a iarradh freisin ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Dlíodóir nach raibh baint aige le déanamh an chinnidh bhunaidh a dhéanann an t-athbhreithniú. Tá breac-chuntas le fáil sna Cairteacha ó 3.2.1 go 3.2.4 ar líon na n-iarratas ar chúiseanna agus ar athbhreithniú a fuarthas ón 16 Samhain 2015 agus príomhchataagóirí na gcionta a bhí faoi réir na n-iarratas sin.

**3.2.6** Tá an tAonad Idirchaidrimh d'Íospartaigh freagrach go príomha as a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig a hoibleagáidí maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint na n-íospartach mar atá leagtha amach san Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017.

**3.2.7** Déileálann an tAonad le gach iarratas ar chúiseanna agus ar athbhreithniú a fuarthas ó íospartaigh na coireachta. Cuireann baill foirne san Aonad seirbhís faisnéise ar fáil d'íospartaigh a dhéanann teagmháil leis an Oifig ar an teiléafón. Tá dhá leabhrán eolais curtha ar fáil ag an Aonad d'íospartaigh ar 'Conas a dhéanaimid cinntí' agus 'Conas cúiseanna agus athbhreithniú a iarraidh'. Tá an dá leabhrán ar fáil ar shuíomh gréasáin na hOifige, [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie) sa chuid 'Íospartaigh agus Finnéithe'.

**3.2.8** Ós rud é go bhfuil an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017 i bhfeidhm anois leanfaidh an Oifig seo de bheith ag athbhreithniú a struchtúir agus a nósanna imeachta lena chinntiú go gcomhlíonann siad an reachtaíocht, agus go bhfuil muid in ann na caighdeáin agus an cháilíocht seirbhíse a sholáthar d'íospartaigh na coireachta a bhfuil siad i dteideal a fháil.



## CUR I BHFEIDHM NA TREORACH Ó AE

Tháinig Treoir AE 2012/29 i bhfeidhm ar an 16 Samhain 2015. Faoin Treoir, tá sé de cheart ag íospartaigh achoimre a fháil ar na cúiseanna a bhí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i gcásanna ina ndearnadh an cinneadh ar nó i ndiaidh an 16 de mhí na Samhna 2015. Tá sé de cheart ag íospartaigh athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

Leagtar amach i gCairteacha 3.2.1 agus 3.2.2 thíos líon na n-iarrratas ar achoimre ar na cúiseanna a fuarthas in 2017, 2016 agus 2015 (ón am a tháinig an Treoir i bhfeidhm ar an 16 Samhain 2015) agus na catagóirí cionta a bhí faoi réir na n-iarrratas sin.


### CAIRT 3.2.1: Iarrataí ar Achoimre ar Chúiseanna

|                                                        | 2017       | 2016       | 2015<br>(16 Samh - 31 Noll) |
|--------------------------------------------------------|------------|------------|-----------------------------|
| Na cúiseanna a tugadh                                  | 577        | 529        | 11                          |
| Na cúiseanna a diúltaíodh                              | 57         | 80         | 11                          |
| Ar feitheamh                                           | 4          | 0          | 0                           |
| <b>IOMLÁN iarrataí i gcomhair cúiseanna a fuarthas</b> | <b>638</b> | <b>609</b> | <b>22</b>                   |

Áireofaí samplaí de chásanna inár diúltaíodh dóibh iarrataí bainteacha le cinntí a rinneadh roimh 16 de mhí na Samhna 2015, nó go mbeadh tionchar acu ar chás cúirte sa todhchaí.

### CAIRT 3.2.2: Catagóirí Cionta a bhí faoi Réir Iarrataí i gComhair Cúiseanna

| CATAGÓIRÍ CIONTA                      | 2017       | 2016       | 2015<br>(16 Samh - 31 Noll) |
|---------------------------------------|------------|------------|-----------------------------|
| Cionta Gnéis                          | 251        | 231        | 9                           |
| Cionta neam-mharfacha i gcoinne Duine | 141        | 153        | 3                           |
| Cionta Gadaíochta agus Calaoise       | 112        | 81         | 4                           |
| Cionta Marfacha                       | 54         | 50         | 3                           |
| Damáiste Coiriúil                     | 21         | 23         | 1                           |
| Trácht Bóithre (Ginearálta)           | 15         | 27         | 0                           |
| Eile                                  | 44         | 44         | 2                           |
| <b>IOMLÁN</b>                         | <b>638</b> | <b>609</b> | <b>22</b>                   |



Leagtar amach i gCairteacha 3.2.3 agus 3.2.4 thíos líon na n-iarratas ar athbhreithniú a fuarthas in 2017, 2016 agus 2015 (ón am ar tháinig an Treoir i bhfeidhm ar an 16 Samhain 2015) agus na catagóirí cionta a bhí faoi réir na n-iarratas sin.

**CHART 3.2.3: Iarrataí i gcomhair Athbhreithniú ar Chinneadh gan Ionchúiseamh a dhéanamh**


|                                                 | 2017       | 2016       | 2015<br>(16 Samh - 31 Noll) |
|-------------------------------------------------|------------|------------|-----------------------------|
| Cinntí bunaidh                                  | 190        | 200        | 13                          |
| Cinntí bunaidh a cuireadh ar ceal               | 8          | 4 *        | 1                           |
| Iarrataí neamhbhailí                            | 19         | 19         | 1                           |
| Ar feitheamh                                    | 2          | 0          | 0                           |
| <b>IOMLÁN Iarrataí i gcomhair athbhreithniú</b> | <b>219</b> | <b>223</b> | <b>15</b>                   |

Áireofaí iarraidh neamhbhailí, mar shampla, iarraidh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh a rinne An Garda Síochána agus ní Oifig an DPP.

\* Bhain trí chinneadh le trí ghearánaí i gcás amháin.

**CHART 3.2.4: Catagóirí cionta a bhí ina nábhair d'iarrataí athbhreithnithe**

| Catagóirí Cionta                       | 2017       | 2016       | 2015<br>(16 Samh - 31 Noll) |
|----------------------------------------|------------|------------|-----------------------------|
| Cionta Gneis                           | 90         | 94         | 4                           |
| Cionta neamh-mharfacha i gcoinne Duine | 45         | 45         | 2                           |
| Cionta Gadaiochta agus Calaoise        | 39         | 31         | 3                           |
| Cionta Marfacha                        | 20         | 16         | 2                           |
| Damáiste Coiriúil                      | 3          | 12         | 0                           |
| Trácht Bóithre                         | 6          | 3          | 0                           |
| Eile                                   | 16         | 22         | 4                           |
| <b>IOMLÁN</b>                          | <b>219</b> | <b>223</b> | <b>15</b>                   |



# CUID 4:

## RIARACHÁN OIFIGE

---

# 4.1 CAITEACHAS NA HOIFIGE

I gCairt 4.1.1 taispeántar miondealú ar chaiteachas na hoifige do na blianta 2017, 2016 agus 2015

**Tuarastail & Pá:** Léiríonn sé seo an costas a bhaineann le tuarastail na foirne atá fostaithe san Oifig. Ba é a bhí sa líon iomlán foirne ar an 1 Eanáir 2017 ná 195.

**Costais Oifige:** Baineann sé seo le costais ghinearálta riaracháin, lena n-áirítear ceannach agus cothabháil trealaimh oifige, soláthairtí oifige, costais leabharlainne, cothabháil áitribh na hoifige, costais taistil agus costais theagmhásacha.

**Seirbhís na nAturnaetha Stáit:** Tagraíonn sé seo d'íoc méideanna a comhaontaíodh trí chonradh le 32 Aturnae Stáit i gcleachtais phríobháideacha atá faoi chonradh leis an Oifig seo chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Stiúrthóir sna cúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.


**Táillí a íoctar le hAbhcóidí:** Is táillí iad seo a íoctar leis na habhcóidí a ionchúisíonn cásanna thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna coiriúla éagsúla. Socraítear na táillí de réir na bparaiméadar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Costais Ghinearálta Dhlíthiúla:** Baineann sé seo le híoc costas dlíthiúil arna mbronnadh ag na cúirteanna in imeachtaí dlíthiúla in aghaidh an Stiúrthóra.

**NÓTA:** Maidir leis na méideanna atá leagtha amach i gCairt 4.1.1. i ndáil le Tuarastail, Pá agus Liúntais agus i ndáil le Costais Oifige, tá siad glan ar asbhaintí a bhaineann le pinsin agus ar Leithreasáí-i-gCabhair faoi seach.

## CAIRT 4.1.1: Caiteachas Oifige

|                               | 2017              | %   | 2016              | %   | 2015              | %   |
|-------------------------------|-------------------|-----|-------------------|-----|-------------------|-----|
|                               | €                 |     | €                 |     | €                 |     |
| Tuarastail, Pá & Liúntais     | 12,602,745        | 31% | 12,198,630        | 32% | 12,150,357        | 32% |
| Costais Oifige                | 3,450,709         | 8%  | 2,417,507         | 6%  | 2,744,842         | 7%  |
| Seirbhís na nAturnaetha Stáit | 6,561,453         | 16% | 6,547,058         | 17% | 6,433,605         | 17% |
| Táillí Abhcóide               | 16,406,056        | 40% | 14,857,921        | 38% | 14,022,032        | 38% |
| Costais Ghinearálta Dlí       | 1,883,220         | 5%  | 2,604,944         | 7%  | 2,318,369         | 6%  |
| <b>IOMLÁN</b>                 | <b>40,904,183</b> |     | <b>38,626,060</b> |     | <b>36,702,148</b> |     |




I gCairteacha 4.1.2 & 4.1.3 taispeántar miondealú ar chaiteachas ar tháillí a íocadh le habhcóidí sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus ar chaiteachas de réir réigiún i leith na Cúirte Cuarda Coiriúla.

Clúdaíonn na táillí a íoctar le habhcóidí sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil & sa Chúirt Speisialta Choiriúil comhairle a thabhairt maidir le cruthúnais, díotálacha a dhréachtú, seisiúin chomhairle a sheoladh, díotchúiseamh, an cás a chur i láthair na cúirte agus láithris riachtanacha eile e.g. nuair atá pianbhreitheanna á ngearradh.

Is iad seo a leanas na príomhnithe a chlúdaítear sa chaiteachas ar tháillí san Ard-Chúirt: iarratais ar bhannaí agus an obair ullmhúcháin agus éisteachtaí a bhaineann hathbhreithnithe breithiúnacha.


**CAIRT 4.1.2: Táillí Abhcóide a Íocadh arna Lua de Réir na Cúirte**

|                                | 2017<br>€         | %   | 2016<br>€         | %   | 2015<br>€         | %   |
|--------------------------------|-------------------|-----|-------------------|-----|-------------------|-----|
| An Chúirt Chuarda              | 7,799,284         | 47% | 7,885,210         | 53% | 7,133,793         | 51% |
| An Phríomh-Chúirt Choiriúil    | 5,360,531         | 33% | 3,561,132         | 31% | 3,911,612         | 28% |
| An Ard-Chúirt                  | 1,005,532         | 6%  | 1,070,952         | 7%  | 1,246,587         | 9%  |
| An Chúirt Uachtarach           | 318,151           | 2%  | 48,892            | 0%  | 150,056           | 1%  |
| An Chúirt Achomhairc           | 1,240,827         | 8%  | 1,013,359         | 7%  | 1,204,331         | 9%  |
| An Chúirt Choiriúil Speisialta | 636,149           | 4%  | 243,982           | 2%  | 354,910           | 2%  |
| An Chúirt Dúiche               | 45,582            | 0%  | 34,394            | 0%  | 20,743            | 0%  |
| <b>IOMLÁN</b>                  | <b>16,406,056</b> |     | <b>14,857,921</b> |     | <b>14,022,032</b> |     |



## CAIRT 4.1.3: Táillí Abhcóide a Íocadh arna Lua de Réir na Cuarda

|                           | 2017<br>€        | %   | 2016<br>€        | %   | 2015<br>€        | %   |
|---------------------------|------------------|-----|------------------|-----|------------------|-----|
| Cuaird Bhaile Átha Cliath | 4,537,399        | 58% | 4,435,009        | 56% | 3,935,526        | 55% |
| Cuaird Chorcaí            | 559,609          | 7%  | 579,824          | 7%  | 680,537          | 10% |
| Cuaird an Oirthir         | 649,440          | 9%  | 601,443          | 8%  | 632,113          | 9%  |
| Cuaird Lár Tíre           | 330,925          | 4%  | 365,235          | 5%  | 268,629          | 4%  |
| Cuaird an Oirdheiscirt    | 618,330          | 8%  | 711,779          | 9%  | 736,032          | 10% |
| Cuaird an Iardheiscirt    | 627,967          | 8%  | 560,802          | 7%  | 459,927          | 6%  |
| Cuaird an Iarthair        | 217,264          | 3%  | 359,908          | 5%  | 263,531          | 4%  |
| Cuaird an Tuaiscirt       | 258,350          | 3%  | 271,210          | 3%  | 157,498          | 2%  |
| <b>IOMLÁN</b>             | <b>7,799,284</b> |     | <b>7,885,210</b> |     | <b>7,133,793</b> |     |



# 4.2 SLIOCHT AS AN GCUNTAS LEITHREASA 2016

Cuntas ar an tsuim a caitheadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2016, arna cur i gcomórtas leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim sa bhreis air sin is féidir a chur i leith leithreasaí i gcabhair, i ndáil le tuarastail agus costais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

|                                                                                                                  | Soláthars na Meastacháin<br>€'000 | 2016<br>Toradh<br>€'000 | 2015<br>Toradh<br>€'000 |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------|-------------------------|-------------------------|
| <b>CAITEACHAS CLÁIR</b>                                                                                          |                                   |                         |                         |
| <b>A.</b> Seirbhís Ionchúisimh a Sholáthar                                                                       | 39,861                            | 39,417                  | 38,622                  |
| <b>Ollchaiteachas</b>                                                                                            | <b>39,861</b>                     | <b>39,417</b>           | <b>38,622</b>           |
| <i>Lúide</i>                                                                                                     |                                   |                         |                         |
| <b>B.</b> Leithreasaithe-i-gCabhair                                                                              | 975                               | 791                     | 953                     |
| <b>Glaniomlan</b>                                                                                                | <b>38,886</b>                     | <b>38,626</b>           | <b>37,669</b>           |
| <b>An Barrachas atá le Géilleadh</b>                                                                             |                                   |                         |                         |
| Dlítear barrachas an méid a soláthraíodh i gcomparáid leis an nglanmhéid a úsáideadh a thabhairt don Stáitchiste |                                   |                         |                         |
|                                                                                                                  |                                   | <b>2016</b>             | <b>2015</b>             |
| An Barrachas atá le Géilleadh                                                                                    |                                   | €259,940                | €164,795                |
| <b>Anailís ar Chaiteachas Riaracháin</b>                                                                         |                                   |                         |                         |
|                                                                                                                  | Soláthars na Meastacháin<br>€'000 | 2016<br>Toradh<br>€'000 | 2015<br>Toradh<br>€'000 |
| <b>I.</b> Tuarastail, Pá agus Liúntais                                                                           | 13,400                            | 12,825                  | 12,963                  |
| <b>II.</b> Taisteal agus Cothabháil                                                                              | 109                               | 131                     | 91                      |
| <b>III.</b> Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhásacha                                                    | 991                               | 1,259                   | 1,139                   |
| <b>IV.</b> Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide                                                                | 250                               | 207                     | 219                     |
| <b>V.</b> Fearas Oifige agus Seirbhísí TE seachtracha                                                            | 808                               | 516                     | 422                     |
| <b>VI.</b> Caiteachas maidir le hÁitreabh Oifige                                                                 | 1,142                             | 490                     | 983                     |
| <b>VII.</b> Seirbhísí comhairleoireachta & Athbhreithniú maidir le Luach an                                      | 37                                | 13                      | 30                      |
|                                                                                                                  | <b>16,737</b>                     | <b>15,441</b>           | <b>15,847</b>           |

# 4.3 AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

## Na Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002

### FEIDHMIÚ AN ACHTA I RITH NA TRÉIMHSE ÓN 1 Eanáir 2017 GO DTÍ AN 31 Nollaig 2017

- 4.3.1** Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí íocaíochtaí le soláthraithe tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn i gceist a chur ar fáil go sásúil agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón am a gcuireann an soláthraí sonrasc faoi bhráid. Maidir le táillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, tá de nós ag an Oifig táillí abhcóide a íoc tráth nach déanaí ná 30 lá ó thagann foirm tuairisce cáis i ndáil le haon chás ar bith.
- 4.3.2** I rith na tréimhse faoi chaibidil, bhí an Oifig mall le deich cinn d'íocaíochtaí dar luach breis agus €317.50 a dhéanamh. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí seo ná €23,874. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i rith na bliana ar fad agus €29,197 as luach iomlán íocaíochtaí de €3.7 milliún agus b'ionann an t-ús ina leith sin agus €341.12.

### Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta

- 4.3.3** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí sin a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 agus chloígh an Oifig le téarmaí an Achta ón am sin i leith.
- 4.3.4** Cuirtear stampa ar an bhfuil dáta an lae sin le gach sonrasc an tráth a dtagann sé. Ceadáítear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc in am tráth ionas go

gcinntítear go ndéantar an íocaíocht le linn na tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc déantar an dáta ar tháinig siad isteach agus an dáta íocaíochta a chur i gcomparáid le chéile agus sa chás go bhfuil an teorainn ama iomchuí á sárú, cruthaítear íocaíocht úis leis an mbeart céanna. Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíocht úis dlite, tugtar an t-ábhar sin ar aird an lucht bainistíochta ionas gur féidir aon bheart ceartúcháin is gá a dhéanamh.

- 4.3.5** Dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú glan iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta is féidir a chur ar fáil leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun.

**Barry Donoghue**

An tOifigeach Cuntasaíochta

Aibreán 2018



# 4.4 SAORÁIL FAISNÉISE

**4.4.1** Dearbhaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 an ceart atá ag daoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil, lena n-áirítear faisnéis phearsanta, a mhéid is féidir é i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart príobháideachta atá ag daoine aonair.

**4.4.2** Foráiltear le hAlt 42(f) d'Acht 2014 nach bhfuil ceart rochtana ar fáil ach amháin maidir le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ciallaíonn sé sin nach féidir taifid a bhaineann le comhaid ionchúiseamh coiriúil a rochtain faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

**4.4.3** Leanann an Oifig ar aghaidh ag cur faisnéise um Shaoráil Faisnéise ar fáil chomh héasca agus is féidir. Tá ár Scéim um Ábhar Saoráil Faisnéise a Fhoilsiú ar fáil ar ár láithreán gréasáin, [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie). Leagtar amach sa bhfoilseachán sin gnó na hOifige, lena n-áirítear na cineálacha taifead a choimeádtar.

**4.4.4** Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an aonad um Shaoráil Faisnéise ar an teileafón ag (01) 858 8500 nó trí r-phost ag [foi@dppireland.ie](mailto:foi@dppireland.ie). Is féidir an seoladh r-phoist seo a úsáid chun iarratas ar Shaoráil Faisnéise a chur isteach, ach ní féidir é a úsáid nuair atá athbhreithniú inmheánach á iarradh ó bhíonn táille iarratais riachtanach chuige sin.

**4.4.5** Cuireadh 26 iarratas ar fad faoi bhráid na hOifige in 2017. Ceadaiódh ocht n-iarratas go hiomlán nó go páirteach, diúltaíodh do 17 n-iarratas agus déileáladh le ceann acu lasmuigh den FOI. Ba é an chúis a bhí lena ndiúltú ná nach raibh baint ag na taifid a bhí á lorg le riarachán ginearálta na hOifige.

**4.4.6** Chuir iriseoirí naoi n-iarratas isteach, chuir grúpaí gnó nó sainleasa ceann amháin isteach, agus rinne an pobal i gcoitinne na 16 iarratas eile.

**4.4.7** Sna 17 gcás inar diúltaíodh d'iarratais, níor iarr ach beirt de na hiarrthóirí athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh bunaidh. Seasadh leis an gcinneadh bunaidh sa dá chás sin.

## Iarratas a Fuarthas 2017

|                                                                      |    |
|----------------------------------------------------------------------|----|
| Iarratais a Ceadaiódh go hIomlán nó go Páirteach                     | 8  |
| Iarratais a Diúltaíodh                                               | 17 |
| Tarraingthe siar / Déileáladh leo taobh amuigh de Shaoráil Faisnéise | 1  |

## IOMLÁN NA NIARRATAS

26

## Lucht Iarratais 2017

|                   |    |
|-------------------|----|
| Iriseoirí         | 9  |
| Daoine den Phobal | 16 |
| Grúpaí Gnó/Leasa  | 1  |

## Cásanna Athbhreithnithe 2017

|                                                          |   |
|----------------------------------------------------------|---|
| Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach                     | 2 |
| Iarratas ar Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise | 0 |

# 4.5 TUARASCÁIL BHLIANTIÚIL FAOI ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2017

## FORBHREATHBNÚ AR ÚSÁID FUINNIMH IN 2017

**4.5.1** In 2017 d'ídigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 1,330.07MWh d'fhuinneamh.

Rinneadh an t-ídiú iomlán i leith téamh spáis, aerchóiriú, uisce te, soilsiú, córais ríomhaire agus trealamh oifige eile inár bhfoirgnimh oifige ar Bhóthar na hOtharlainne agus Sráid an Rí Thuaidh.

Is mar seo a leanas a tiomsaíodh an figiúr:

- 638.85MWh leictreachais;
- 691.22MWh de Ghás Nádúrtha

Mar thoradh ar athlonnú na foirne i mí an Mheithimh 2017 ó fhoirgneamh aerchóirithe ag Sráid an Rí Thuaidh go foirgnimh atá aeraithe go nádúrtha ag Bóthar na hOtharlainne tháinig laghdú suntasach ar thomhaltas fuinnimh in 2017.

Ag eascairt as a rannpháirtíocht i gClár "Barrfheabhas as Cumhacht ag an Obair" de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí, bronnadh an teastas "Ard-Mholadh" ar an Oifig maidir le bainistiú fuinnimh i gCatagóir na bhFoirgneamh atá Aeraithe go Nádúrtha, sna Gradaim Réigiúnacha, i mí Feabhra, 2018.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ CURTHA I GCRÍCH IN 2017

**4.5.2** Leanadh ar aghaidh in 2017 le monatóireacht ar éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhar le comhairleoirí seachtracha agus conraitheoirí cothabhála. I measc na rudaí a rinneadh in 2017 bhí siad seo a leanas:

- Leanadh ar aghaidh le monatóireacht ar na córais bhainistíochta fuinnimh atá ann faoi láthair agus cuireadh coirí gáis as ar feadh tréimhsí fada le linn an tsamhraidh.
- Rinneadh comhaontú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun dul ar aghaidh agus Córas Bainistíochta Ríomhairithe Foirgnimh (BMS) nua a shuiteáil ag Bóthar na hOtharlainne go luath in 2018.
- Cuireadh tús le clár mór um athchóiriú fuinneog i mí Lúnasa agus bhí sé beagnach críochnaithe faoi mhí na Nollag 2017. Cuireadh ardaitheoir nua in áit an chinn a bhí sa phríomhfhoirgnimh freisin.
- Forbraíodh moltaí agus chuireadh chun cinn iad maidir le bearta inslithe breise i bpríomhréimsí foirgneamh óna gcailltear méid suntasach teasa.

## GNÍOMHARHA ATÁ BEARTAITHE DO 2018

**4.5.3** Tá siad seo a leanas i measc na rudaí atá beartaithe do 2018:

- Suiteáil chóras nua BMS chun tomhaltas fuinnimh a bhainistiú ag Bóthar an Ospidéil.
- Bearta inslithe breise a chur i bhfeidhm atá tugtha ar aghaidh ó 2017.
- Leanúint ar aghaidh le feachtas feasachta ag baint úsáide as comharthaí agus póstaer.

- Moltaí a chur chun cinn maidir le huasghrádú a dhéanamh ar rialaitheoirí agus b'fhéidir na córais choire féin a athsholáthar ag Bóthar na hOtharlainne.
- Moltaí a mheas agus a fhorbairt chun an córas soilsithe inmheánach a uasghrádú.
- Moltaí a chur chun cinn maidir le huasghrádú na rialaitheoirí agus an chórais choire ag Bóthar na hOtharlainne.

# 4.6 SCÉIM NA GAeilGE

**4.6.1** D'fhormheas an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an 3ú Scéim Ghaeilge d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí in Eanáir 2014. Bhí an Scéim i bhfeidhm sa tréimhse ó 2014 go 2017. Dhearbhaigh an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta an 4ú Scéim Ghaeilge don Oifig i mBealtaine 2018. Tháinig an scéim seo i bhfeidhm ar an 28 Bealtaine 2018 agus fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin (2018-2021).

**4.6.2** Dhéileáil an Oifig le cas cúirte Dúiche amháin i nGaeilge in 2017. Fuair muid litir amháin agus ceithre ríomhphost i nGaeilge, agus tugadh freagra orthu ar fad i nGaeilge.

**4.6.3** Chuir an Oifig trí fhoilseachán ar fáil in 2017: Tuarascáil Bhliantúil 2016; Cairt um Cháilíocht Seirbhíse 2017-2019; agus Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís Ardchaighdeán 2017-2019. Cuireadh gach foilseachán ar fáil go dátheangach.

**4.6.4** Coinnítear agus nuashonraítear láithreán gréasáin na hOifige i bhformáid dhátheangach. Aistríonn aistritheoirí seachtracha na nuashonruithe ar leagan Gaeilge an láithreáin ghréasáin. Foilsítear athruithe ansin go comhuaineach i leaganacha Gaeilge agus Béarla an láithreáin gréasáin. Bhreathnaigh 1,117 duine ar leagan Gaeilge ár suímh ghréasáin in 2017. B'ionann é sin agus 0.8% de na cuairteanna a tugadh air. Seachas an leathanach baile Gaeilge, ba iad seo a leanas na leathanaigh ba mhó ar bhreathnaigh daoine orthu:

- Treoirínte d'Ionchúisitheoirí
- Maidir Linne
- Géilliúntas

**4.6.5** Leanann ár nAonad Traenála ar aghaidh ag cur cúrsaí oiliúna Gaeilge ar fáil lena chinntiú go bhféadfaidh an Oifig a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. D'fhreastail beirt den fhoireann dhlíthiúil ar an nGaeltacht in 2017.

